


TG4

# Tuarascáil Bhliantúil 2021





# TG4 Tuarascáil Bhliantúil 2021


Misean, Fís agus Croíluachanna 3
Gealltanais TG4 don bhliain 2021 5
Buaicphointí Feidhmíochta TG4 don bhliain 2021 6
Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile 15
Tuairisc an Chathaoirligh 16
Tuairisc an Ard-Stiúrthóra 19
Ráiteas faoi Chúrsaí Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 24
Athbhreithniú Airgeadais 2021 27
Ráitis Airgeadais 29-46



*This year's winners attest to the restorative power of music during a pandemic*

*The Irish Times* 7/9/21

# Misean, Fís agus Croíluachanna

Is é misean TG4 ná go soláthraímid seirbhísí siamsúla nuálacha meán trína ndéantar ceiliúradh ar chruthaitheacht na Gaeilge agus trína ndéantar caidreamh a chothú leis an lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain. Trí chomhpháirtíocht leis an earnáil chlosamhairc Ghaeilge, cumasaímid cruthú ábhair den scoth agus tacaímid le fás eacnamaíochta in Éirinn.

Is é fís TG4 "*an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn chun áit lárnach a chinntiú do TG4 i saol an Éireannaigh, in Éirinn agus thar lear*".

Cuimsítear fís agus misean TG4 i mana TG4, "*súil eile*", a aithníonn an gá atá le fanacht mar chuid den phríomhshruth le cláir nideoige trí chláir d'ardchaighdeán a choimisiúnú/a cheannach agus a chraoladh, cláir atá in ann dul san iomaíocht le leibhéil láidre lucht féachana a tharraingt agus iad a choinneáil.

Bíonn tionchar ag luachanna TG4 ar an gcaoi a mbainfear an straitéis sin amach agus ar an gcaoi a n-oibríonn sí agus, tríd is tríd, léiríonn siad na prionsabail atá i gcroílár shaintréithe na heagraíochta. Bítear ag súil go mbeidh na luachanna sin mar threoirphrionsabail ag gach fostaí de chuid TG4 ina gcuid oibre.



***Junior Eurovision*** léirithe ag Adare Productions

*TG4 has succeeded in making the language accessible.*

*Irish Examiner*, Márta 2021



***Éadaí SOS*** léirithe ag Waddell Media

# Croíluachanna TG4

*The annual awards, now in their twenty-fourth year, celebrate musicians who have advanced, strengthened and preserved traditional music in Ireland.*

*Journal of Music*, 8/9/21

**Ceangal:**
- Ceangal laethúil leis an nGaeilge a chur ar fáil do gach teaghlach sa tír.
- An lucht féachana a chur i lár báire san uile ní dá ndéanaimid.
- Malairt léargais a sholáthar ar chúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**Caighdeán agus Luach ar Airgead:**
- Sceideal clár ardchaighdeáin a chur ar fáil.
- Struchtúr éifeachtach éifeachtúil ó thaobh costais a chur i bhfeidhm.

**Cruthaitheacht:**
- A bheith cruthaitheach maidir leis an aschur agus maidir le gach ní a dhéanaimid.
- Leanúint de chláir nuálacha uathúla a chur ar fáil.

**Réamhghníomhach:**
- Meon an chumais, mar a cothaíodh san eagraíocht agus san fhoireann agus mar atá bunaithe faoi seo, a choinneáil ar bun.



***Na Debs TIK TOK*** léirithe ag Fíbín Media



***Gradam Ceoil TG4*** léirithe ag Red Shoe Productions

# Gealltanais TG4 don bhliain 2021

**Geallúintí Feidhmíochta TG4 2021**

**1 Lucht Féachana Líneach:**
An sciar den lucht féachana atá againn agus an tuiscint atá againn ar an lucht féachana líneach náisiúnta a choinneáil.

**2 An Lucht Féachana ar Ardáin Dhigiteacha:**
An méid daoine a bhíonn ag féachaint ar ábhar digiteach TG4 a mhéadú go mór.

**3 Lucht Féachana Óg:**
Breis infheistíocht a dhéanamh in ábhar agus i seirbhísí cruthaitheacha atá dírithe ar lucht féachana níos óige, chun an lucht féachana páistí agus níos óige atá ag TG4 a mhéadú.

**4 Pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta:**
Leanúint de na naisc atá ag TG4 le pobal na Gaeltachta agus pobal labhartha na Gaeilge a neartú.

**5 Geilleagar Réigiúnach Ildánach:**
Tacú le poist agus fás i ngeilleagar réigiúnach ildánach na hÉireann trí chomhoibriú agus infheistíocht bhreise a dhéanamh in ábhar agus i ndaoine cumasacha.

**6 Idirnáisiúnú na hEarnála Closamhairc Neamhspleáiche:**
Leanúint d'ardán a chur ar fáil d'idirnáisiúnú earnáil léiriúcháin closamhairc neamhspleách na hÉireann.

**7 Idirnáisiúnú Lorg Cultúir Chruthaithigh TG4:**
Lorg domhanda cultúir agus teanga TG4 a neartú.

**8 Ár nAcmhainní Cultúir agus Teanga a Chosaint:**
Leanfaidh TG4, ina chaomhnóir ar oidhreacht craoltóireachta na Gaeilge, de bheith ag cur lena Chartlann Dhigiteach.

**9 Inaimsitheacht agus Feiceálacht:**
A chinntiú gur féidir teacht ar ábhar TG4 trí mhargaíocht, trí theicneolaíocht agus trí rialacha feiceálachta.

**10 Inbhuanaitheacht:**
Timpeallacht oibre inbhuanaithe a chruthú i TG4 agus cleachtais léirithe níos glaise a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht leis an earnáil neamhspleách.



***Mo Shaol Do Shaol*** léirithe ag Macalla Teo.

**11 Maoiniú agus Scála:**
"Scála maoiniúcháin náisiúnta den chéad scoth" a bhaint amach agus luach ar airgead a chur ar fáil ó mhaoiniú poiblí.

**12 Iléagsúlacht, Cothroime agus Cuimsitheacht:**
Iléagsúlacht, cothroime agus cuimsitheacht a chur chun cinn i TG4, ar an scáileán agus ar shiúl ón scáileán araon, i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara.

# Buaicphointí Feidhmíochta TG4 don bhliain 2021

Ba chloch mhíle thábhachtach í an bhliain 2021 do TG4 mar go raibh an cainéal ag ceiliúradh 25 bliain ar an aer. Thug Uachtarán na hÉireann Michael D. Ó hUigínn cuairt ar stiúideo Ros na Rún ar an Spidéal mar chomóradh ar an mbreithlá agus sheol an tAire Catherin Martin leabhar comórtha *TG4@25* ina bhfuil cuimhní cinn ó chuid de lucht déanta na gclár le linn na mblianta sin.

Dúirt An Taoiseach Micheál Martin agus é ag comóradh cúig bliana is fiche ó bunaíodh TG4;

"*Le cúig bliana is fiche anuas, tá ról ríthábhachtach ag TG4 i sochaí na hÉireann, agus bhain an stáisiún cáil amach dó féin mar ghuth sainiúil uathúil i dtírdhreach na meán in Éirinn. Léiríonn rath TG4 le cúig bliana is fiche anuas tiomantas agus dúthracht fhoireann, bhainistíocht agus Bhord an stáisiúin, a raibh an fhís agus an tiomantas acu cláir nuálacha a chruthú do chainteoirí Gaeilge ar fud na tíre.*"

Le linn 2021, chuir TG4 Fís Tar Éis Covid i dtoll a chéile, inar leagadh amach mianta agus spriocanna TG4 cur leis an t-seirbhís agus freastal níos fearr a dhéanamh ar an lucht féachana ag dul chun cinn. Leagadh béim sa bhFís Tar Éis Covid ar scála TG4 a mhéadú agus ar ról TG4 a dhaingniú chun freastal ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta maor aon le stádas na Gaeilge agus an chultúir i sochaí na hÉireann a neartú. Rinneadh taighde cuimsitheach ar fhreastal Nuacht agus Chúrsaí reatha na Gaeilge ar an lucht féachana.

Bhí mórán buaicphointí ann ó thaobh chláracha TG4 le linn na bliana. Mheall an spórt beo lucht féachana mór tras-ardán agus b'iad cluiche **Rugbaí Beo** (Cúige Laighean V Cúige Mumhan) agus Cluiche Ceannais Pheil na mBan Beo (An Mhí V Átha Cliath) na cláracha ba mhó faire. Bhí lucht leanta mór freisin ag an gclár speisialta ceoil, amhránaíochta agus ealaíne ar bhreithlá an Uachtaráin, **Ómós Michael D @80** agus ag cláracha faisnéise amhail **Martin McGuinness**, **PEIG** agus **Seán Ó Riada Mo Sheanathair**. Bhí cláracha faisnéise tiomáinte ag mná ar nós **Síle Seoige: Deireadh Tochta** agus **PEIG** i measc na 5 chlár ba mhó ar breathnaíodh orthu ar Seinnteoir TG4 in 2021. Chuaigh TG4 ar na meáin sóisialta i bhfeidhm go mór ar an bpobal agus tháinig méadú 20m ar radhairc ar na meáin shóisialta in 2021, le 58m amharc físe san iomlán don bhliain.

Lean an rath ar scannáin Cine4 in 2021. Roghnaíodh **Foscadh** (léirithe ag Magamedia) mar

*TG4, in order to carve out a niche, and to distinguish itself from the pre-existing public service broadcaster, had to be more than just the Irish language version of RTÉ. To achieve the distinction, TG4 created its unique identity in the eyes of viewers, through commissioning brilliant original documentaries.*

*The Irish Times, 7/9/21*



***Fáilte 2022*** léirithe ag Aniar TV



***Seán Ó Riada – Mo Sheanathair*** léirithe ag Táin Media

iontráil na hÉireann do na Oscars sa chatagóir don Phríomhscannán Idirnáisiúnta is Fearr agus bhain **Arracht** (léirithe ag Macalla) cáil amach ag féilte idirnáisiúnta. Seoladh scannán eile Gaeilge, **Doineann** (léirithe ag Doubleband Films) ag Fleadh Scannán na Gaillimhe chomh maith le dráma faisnéise lánfhada, **The Queen v Patrick O'Donnell** (léirithe ag Rosg).

Tugadh aitheantas do bharr feabhais na gclár ag féilte náisiúnta agus idirnáisiúnta le linn na bliana, le hainmniúcháin ag Féile na Meán Ceilteach, Gradaim RTS na hÉireann agus ag gradaim IFTA. Tugadh Gradaim Prix Circom do **Samhlú** (Fíbín) agus do **Is Olc an Ghaoth** (Lunar Films). Bronnadh príomh ghradam Radharc Awards 2021 ar **Tabú** (Midas) agus ba é an clár **Treibh na nDéithe** a bhain gradam 'Spiorad na Féile' amach ag Féile na Meán Ceilteach. Bronnadh gradam Promax sa chatagóir 'Dearadh Ginearálta Branda' ar aitheantais nua-dheartha TG4.

# Lucht Féachana i 2021

D'fhéach 3.6m duine nó breis is 81% de dhaonra na tíre ar TG4 ag pointe éigin le linn na bliana. Tháinig méadú ar an meánsciar lucht féachana teilifíse ó 1.83% in 2020 chuig chóir a bheith 1.9% in 2021. Chomh maith leis sin, tháinig méadú ar an sciar den lucht féachana príomh-ama a bhí ag TG4 (ó 1.92% in 2020 chuig 2.05% in 2021). B'é seo an chéad uair a bhfuil sciar príomh-ama TG4 os cionn 2% ón mbliain 2013. Léirítear go soiléir leis seo an tionchar dearfach a bhaineann le hinfheistíocht bhreise TG4 in ábhar agus an réimse cláracha ardchaighdeáin atá á léiriú ag comhlachtaí léiriúcháin neamh-spleácha na hÉireann.

Bhí figiúirí tras-ardáin TG4 láidir chomh maith. In 2020, bhí teacht ag TG4 ar 71% de lucht spéise na Gaeilge gach seachtain, ar na hardáin líneacha agus digiteacha go léir, lena n-áirítear teilifís, gairis chliste, gutháin phóca, ar líne etc. Mhéadaigh sé seo go 71.5% in 2021.

Chuaigh TG4 ó neart go neart ó thaobh "pearsantacht" dhigiteach agus lucht féachana. Mhéadaigh an líon uaireanta a breathnaíodh ar fhíseáin thrasardáin d'ábhar TG4 65% ó 37.5m in 2020 chuig chóir a bheith 62m in 2021. Tháinig méadú ar an líon nóiméad a breathnaíodh ar ábhar TG4 ar ardáin dhigiteacha ó 79m nóiméad in 2020 go dtí 93m nóiméad in 2021. Tháinig méadú 33% ar an am iomlán a caitheadh ar an Seinnteoir in 2021 i gcomparáid le 2020. Breathnaíodh ar Sheinnteoir TG4 os cionn 3m uair (idir daoine ag breathnú agus é beo agus daoine ag breathnú siar ar éileamh).

Tháinig méadú ar an líon uaireanta a breathnaíodh ar ábhar ar na meáin shóisialta freisin. Méadú 20m a bhí i gceist, a d'fhág gur breathnaíodh ar na físeáin 58m uair in 2021. Chruthaigh Bloc, MOLSCÉAL agus Spórt TG4 go maith i measc an lucht féachana in 2021, agus tháinig méadú ar an líon uaireanta a breathnaíodh orthu ar fad agus ar an méid teagmhála a rinneadh leo.

*Sheridan, executive producer of* Seán Ó Riada — Mo Sheanathair, *may be assured that after a rollercoaster ride through reawakened family memories, a requisite amount of pain has gone into the making of the feature-length TG4 programme.'*

*Irish Examiner 23/12/21*

*The film rightly laid as much stress on his unjustly neglected classical compositions as on the traditional music for which he's best known.*

Eilis O'Hanlon
*Sunday Independent*
2/1/2022

# Pobail na Gaeilge agus an Ghaeltacht

*Cassidy's* Laochra Gael *tops the TG4 Player charts for 2021. The former Donegal skipper was the first instalment of the series last January and gained a huge viewership both on television the on the TG4 Player.*

*Donegal Live 28/1/2022*

Léiríonn figiúirí Fios Físe, an painéal féachana a fhiosraíonn dearcadh phobal labhartha na Gaeilge i leith TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta cé chomh lárnach is atá seirbhís Nuachta agus Cúrsaí Reatha TG4. In 2021 choimisiúnaigh TG4 taighde cuimsitheach a léirigh an t-éileamh atá ann leis an tseirbhís Nuachta seo a fhorbairt go suntasach, le soláthar dhigiteach, níos mó iriseoireacht iniúchta, agus seirbhís Nuachta do dhaoine óga á éileamh. Is bunchloch í an taighde seo do straitéis do Nuacht TG4 ag dul chun cinn.

Le linn 2021, craoladh sraitheanna nua léirithe a thug léargas ar phobail na Gaeilge ó cheann ceann na tíre ar nós an chláir faisnéise PEIG faoi stiúir



Kevin Cassidy, ***Laochra Gael*** léirithe ag Nemeton

**1.89%** An meán-sciar den lucht féachana teilifíse ar feadh an lae ar an meán náisiúnta.
2.05% sciar den lucht féachana teilifíse Príomh-am féachana.

**71.5%** Aimsiú lucht féachana Gaeilge seachtainiúil tras-mheáin (árdáin líneach agus ardáin dhigiteacha lena n-áirítear teilifís, gléasanna cliste, soghluaiste, ar líne).

**7th** Seasamh sna 10 gcainéal craolta is fearr in Éirinn.

**61.6m** Radhairc Físeáin Tras-ardáin — fás 54% ar 2020.

**93m** Líon na nóiméad a breathnaíodh ar ábhar TG4 (gan áireamh Instagram agus Tik Tok)

**58m** Amhairc na Meán Sóisialta — fás 53% ar 2020.

**3m** Amhairc *Bloc* — cainéal Meán Sóisialta TG4 do dhaoine idir 18-34. Méadú 67% ar 2020

**2.37m** Amhairc *Molscéal* — ardán do scéalta pobalbhunaithe na Gaeilge as na ceantair Ghaeltachta. Méadú 61% ar 2020.

**13%** Acmhainn foghlama TG4 Foghlaim don bhunscoil agus iar-bhunscoileanna. Méadú ar amhairc na leathanach in 2021.

Sinéad Ní Uallacháin a rinne iarracht athshamhlú a dhéanamh ar Pheig a raibh droch-cháil uirthi le blianta ar churaclam na hArdteistiméireachta, Seán Ó Riada — Mo Sheanathair inar thug gariníon Sheán Uí Riada, Doireann Ní Ghlacáin uirthi féin tuilleadh a fháil amach faoin gceoltóir cáiliúil 50 bliain tar éis a bháis. Rinneadh ceiliúradh ar ghaiscíoch, file, fear naofa: duine de na naoimh is tábhachtaí in Éirinn agus in Albain Colmcille a rugadh 1500 bliain ó shin sa chlár Colm Cille An Naomh Dána. Labhair Stiúrthóir Oireachtas na Gaeilge, Liam Ó Maolaodha faoi na hionsaithe ghnéis a rinne a iar-mhúinteoir Domhnall Ó Lubhlaí air sa chlár Finné. Neartaigh Molscéal an soláthar atá á dhéanamh ar scéalta pobail ó cheantair Ghaeltachta na tíre agus thug BLOC spléachadh ar phobal Ghaeil óga na hÉireann.

I mbliain a bhí dúshlánach, rinne TG4 craoladh agus ceiliúradh ar mhór ócáidí na nGael a bhí srianta ag an bpaindéim, An Fleadh Ceoil, Oireachtas na Samhna 2021 agus Gradam Ceoil TG4. D'oibrigh TG4 i bpáirt le hEalaín na Gaeltachta le ceiliúradh a dhéanamh ar na healaíona le linn Oíche Chultúir 2021 agus le hÉire Ildánach le ceiliúradh a dhéanamh ar Chruinniú na nÓg, leis an togra Cruthaím.

Chuaigh TG4 agus RTÉ i gcomhpháirt le chéile chun Craobhchomórtas Rugbaí Aontaithe a chur ar fáil saor go haer do lucht leanúna na hÉireann

Lean Cúla4 ar Scoil ag craoladh ag tús na bliana le freastal ar dhaltaí bunscoile a bhí fós sa mbaile ón scoil de bharr na paindéime. Léiríodh sraitheanna nua eile do pháistí freisin: Na hInnealtóirí, sraith faoin innealtóireacht, Timpeall Orainn, sraith nua faoin dúlra agus an timpeallacht le Póilín Nic Géidigh agus Peadar Ó Goill, agus An bhfuil a Fhios agat? le Brídín Ní Mhaoldomhnaigh a d'fhiosraigh mar a oibríonn rudaí. D'oibrigh Paramount Animation agus Nickelodeon Movies i gcomhpháirtíocht le TG4 agus Macalla chun an leagan Gaeilge den scannán Spongebob Squarepants, Rith Spúinse Rith, a chruthú agus a eisiúint ar Netflix — an chéad scannán Gaeilge do pháistí a eisíodh ar Netflix riamh.



***Finné*** léirithe ag Tua Films

Thacaigh TG4 freisin le hOllscoil na hÉireann Gaillimh agus le COGG le ceardlann seachtaine, 'Iriseoirí an lae Amárach' a reáchtáil, a bhí dírithe ar dhaltaí idirbhliana a spreagadh i dtreo cheird na hiriseoireachta.

Taispeántar i suirbhé IPSOS MRBI a cuireadh ar 1,000 duine fásta chun an tábhacht a bhaineann le TG4 do lucht féachana na hÉireann a léiriú go n-aontaíonn formhór suntasach, is é sin 91% den phobal, agus cuid acu a aontaíonn go láidir, go bhfuil gá agus ról soiléir ann do TG4 sa chraoltóireacht in Éirinn. Aontaíonn 83% go gcuireann TG4 ábhar agus seirbhísí ardchaighdeáin ar fáil, agus cuid acusan a aontaíonn go láidir leis sin. Creideann 83% gurb ionann TG4 agus an beart is dearfaí atá ann chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus aird a tharraingt uirthi. Méadú ar chéatadáin shuirbhé 2020 atá i gceist leis na trí scór seo. Léirigh taighde ceannródaíoch a rinne RED C Marketing & Research do TG4 go mbaineann 44% de mhúinteoirí bunscoile úsáid as TG4/Cúla4 sa seomra ranga. Is ionann sin agus 10,100 múinteoir ar fud na tíre agus 244,000 dalta. Léiríodh usáid níos forleithne, i scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna, áit a n-úsáideann 81% de mhúinteoirí TG4/Cúla4 sa seomra ranga.

*Ba chumhachtach agus ba shuaite an clár é. I gcaitheamh an uair an chloig tugadh léargas ar ghníomhartha danartha an fhoghlaí ghnéis Domhnall Ó Lubhlaí agus an díobháil a dhein sé dóibh siúd a d'fhulaing.*

Breandán M Mac Gearailt
*Tuairisc.ie* 22/1/21



Síle Seoige: ***Deireadh Tochta*** léirithe ag Tyrone Productions

*Tá misneach is oscailteacht Shíle agus a cuid aíonna le moladh go mór. Tá a chion féin déanta ag an gclár seo leis an mbrat rúndachta a ardach.*

Breandán M Mac Gearailt
*Tuairisc.ie* 8/4/21

# Infheistíocht a dhéanamh i nDaoine Cumasacha sa Tionscal agus i nGeilleagar Réigiúnach Ildánach na hÉireann

*TG4 is currently Ireland's best station due to their eclectic mix of documentaries, music, Irish shows, live sport, clever commissions, and astute acquisitions.*

Paul Moore
*Irish Mirror* 17/1/21

Infheistíodh 80% de mhaoiniú poiblí TG4 in ábhar Gaeilge sa bhliain 2021. De bharr gur Foilsitheoir Craoltóir é TG4, infheistíonn sé an chuid is mó dá chaiteachas ar ábhar agus ar sheirbhísí ó chuideachtaí cruthaitheachta lonnaithe i réigiúin na hÉireann. Chaith TG4 €27.3m ar sheirbhísí cruthaitheacha i bPoblacht na hÉireann sa bhliain 2021, agus caitheadh €23.7m de sin ar chuideachtaí cruthaitheachta réigiúnacha. As an €27.3m a caitheadh ar sheirbhísí cruthaitheachta, caitheadh €21.9m ar chuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha i bPoblacht na hÉireann. Caitheadh €761k sa bhreis ar chuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha i dTuaisceart Éireann.

Bhronn TG4 trí chonradh déag nua a mhairfidh ceithre bliana ar chuideachtaí léiriúcháin Gaeilge neamhspleácha chun cláracha a dhéanamh lena gcur ar fáil ar TG4. Leis an gcaiteachas sin, tá tacaithe ag TG4 le poist agus fás i dtionscail chruthaitheachta réigiúnacha, agus cuidíonn sin le geilleagar cruthaitheachta réigiúnach na hÉireann a chothabháil agus a fhorbairt. Meastar gur chuir caiteachas TG4 in Éirinn sa bhliain 2021 thart ar €71m le haschur náisiúnta agus gur thacaigh sé le beagnach 901 post ar choibhéis lánaimseartha (díreach, indíreach agus ionduchtaithe). As an méid sin, chuir caiteachas TG4 sna réigiúin thart ar €62m le haschur réigiúnach agus gur thacaigh sé le beagnach 800 post ar choibhéis lánaimseartha (díreach, indíreach agus ionduchtaithe).

D'fhógair TG4 agus ag Léiritheoirí Scáileán na hÉireann comhaontú ar Chód Cleachtais Cóirthrádála comhaontaithe. Is é seo an chéad chomhaontú dá leithéid idir Léiritheoirí Scáileán na hÉireann agus TG4.

Rinne TG4 infheistíocht shuntasach in 2021 chun tacú le daoine nua sa tionscal a fhorbairt. Cuireadh aon oiliúnaí dhéag ar shocrúchán bliana le cuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha, le tacaíocht ó TG4 agus Údarás na Gaeltachta, agus oiliúint chreidiúnaithe curtha ar fáil ag Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo (GMIT). Chuir TG4 Glúin Nua ar fáil freisin, ar scéim é chun tacú le Stiúrthóirí agus Scríbhneoirí tionscadal Gaeilge a bhí ag teacht chun cinn, agus mar chuid de sin, choimisiúnaigh sé cúig tionscadal ábhair do Bloc.



Síomha Ní Ruairc, ***Réalta & Gaolta***, léirithe ag Adare Productions

Thacaigh TG4 le cuideachtaí na hÉireann freisin comhléirithe idirnáisiúnta a dhéanamh dá dtaispeáint agus dá ndáileadh ar fud an domhain; áiríodh orthu sin *Báisteach*, comhléiriú le China LIC, BBC Alba, ILBF agus Creative Wales; *Iontas na bhfarraigí Ceilteacha*; *Ceol Cheanada*, arna chómhaoiniú ag TG4, an ILBF agus Ciste Mheáin Cheanada; *Clontarf Cowboy*; *Paul Muldoon/The Muldoon Picnic*, comhléiriú de chuid TG4 agus BBC; *The Laughing Boy*, comhléiriú idir TG4 agus ERT Greece; *Glasoileán*, leagan Gaeilge den mhórshraith *Natura Europa* — comhléiriú idir sé thír Eorpacha agus PBS Mheiriceá; agus *Sruth* (Ceol TG4 agus BBC Alba).



***PEIG*** léirithe ag Waddell Media

*Pictiúr níos iomláine á fháil againn den bhean i rith an ama. Bean ard dathúil ba ea í tráth le súile mealltacha gorma. Bhí sí lán le rógaireacht agus le craic. Ba ina tigh siúd a bhailíodh ógánaigh an Bhlascaoid. Ba í Netflix an Oileáin, faoi mar a deir Máire Ní Dhálaigh. Bhíodh an "an béal garbh" aici chomh maith dar le Pádraig. "Mór an faoiseamh don gcroí mallacht breá a spalpadh nuair a bhíonn fearg ort," a deireadh sí féin. 21.3.21*

Breandán M. Mac Gearailt
21/3/2021

# Ár nAcmhainní Cultúir agus Teanga a Chosaint

Cheap TG4 a chéad Chartlannaí in 2021, chun an taisce luachmhar ilghnéitheach ábhair i gcartlann TG4 a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil ábhar TG4 infhaighte agus ar fáil don phobal.

Trí fhorbairt a dhéanamh ar an gcartlann dhigiteach, tugtar cosaint don oidhreacht agus do shaibhreas ábhair. Ó tharla TG4 ag ceiliúradh 25 bliain i mbun na craoltóireachta in 2021 cheap an stáisiún a chéad Chartlannaí, chun díriú ar an bhforbairt sin, agus ar an rochtain atá ag an bpobal ar chartlann dhigiteach an stáisiúin.

Chuir TG4 seachadadh Thionscadal Cartlainne Digití 3 i gcrích le linn na bliana 2021 le tuairim is 300 uair an chloig de chláracha déanta chun uaireanta iomlána an tionscadail, is é sin 1,435 uair an chloig, a chur i gcrích. Rinneadh dul chun cinn ar dhearadh trí mhicrealáithreán le linn na bliana (is iad sin Peil na mBan, Ros na Rún and Comórtas Peile) agus súil go seolfaí iad ar Chartlann TG4 sa bhliain 2022.



***Gradam Ceoil TG4***, léirithe ag Red Shoe Productions

# Feiceálacht d'Ábhar Gaeilge

*A lot of the change is down to media and the coverage they are giving. TG4 are brilliant. They give ladies' football a great platform.*

Oonagh Whyte in agallamh le Niall Scully
*Irish Independent* 15/6/21

Leag TG4 béim le linn na bliana ar a chinntiú go mbeadh ábhar TG4 éasca le haimsiú agus le húsáid ag an lucht féachana.

Seoladh Aip nua teilifíse do theilifíseáin chliste i dtús na bliana 2021 le TG4 a chuir ar fáil ar theilifíseáin chliste de dhéantús Samsung, Sony agus LG, chomh maith le gairis eile OTT Apple TV (4ú agus 5ú glúin), Amazon Fire, AndroidTV agus Google TV.

I mí an Mheithimh, seoladh Aip TG4 ar Sky Q agus tríd an aip Sky Go le go mbeadh custaiméirí Sky in Éirinn ábalta TG4 a shruthú beo tríd an aip Sky Go agus féachaint ar ábhar TG4 ag am ar bith in áit ar bith ar Sky Q.

Chuaigh TG4 i gcomhairle go minic leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara an tionscail le linn na bliana 2021 lena chinntiú go leagfaí reachtaíocht síos d'fheiceálacht PSM tríd an mBille nua um Rialáil Shábháilteachta ar Líne agus na Meán agus lena chinntiú go mbeadh ról ag Coimisiún nua na Meán chun feiceálacht a rialáil. Bhí comhráite leanúnacha ag TG4 le OfCom, Digital UK agus DCMS d'fhonn feiceálacht TG4 a chur chun cinn i dTuaisceart Éireann.

Seoladh cuma nua ar bhranda tras-ardáin ar Lá Fhéile Bríde, chun cur le haitheantas agus so-fheicitheacht TG4. Mar chuid den bhranda, léiríodh sé aitheantas nua bunaithe ar an tírdhreach agus ar nathanna cainte sa Ghaeilge ar nós: Spaidht Feamainne, Lá na Báistí, Gloine, Cúinne an Ghiorria, Lá na Scolb, agus Léim Sráide.




***Peil na mBan***, léirithe ag Nemeton

**80%** Sciar den Mhaoiniú Poiblí d'ábhar Gaeilge

**€23.7m** Caiteachas ar Chuideachtaí Cruthaitheacha sna Réigiúin.
Caiteachas ar Chuideachtaí Cruthaitheacha go náisiúnta €27.3m.

**95%** Sciar de chaiteachas ar an Earnáil Léiriúcháin Neamhspleách a chruthaionn IP

**€62m** Ranníocaíocht le aschur réigiúnach.
Ranníocaíocht do €71m go náisiúnta.

**800** Tacú réigiúnach post coibhéise lánaimseartha.
901 post coibhéise lánaimseartha go náisiúnta.

# Luach ar Airgead, Inbhuanaíocht agus Éifeachtúlacht

Tá TG4 tiomanta an leas is fearr a bhaint as an maoiniú poiblí a fhaightear. Caithimid an méid is mó agus is féidir gach bliain ar ábhar Gaeilge agus cinntímid go bhfanann forchostais chomh híseal agus is féidir.

Chaith TG4 €32.7m ar ábhar sa bhliain 2021 (costais foirne léiriúcháin san áireamh). B'ionann sin agus 84% de ghlanchaiteachas oibriúcháin TG4 sa bhliain 2021 agus méadú 7.2% ar chéatadán na bliana 2020 a bhí ann.

Chaith TG4 €31.133m den mhéid seo ar ábhar Gaeilge. B'ionann seo agus 80% de mhaoiniú poiblí TG4 — a d'fhág gur baineadh amach an sprioc do 2021 agus gur tháinig méadú 8.4% ar chaiteachas na bliana 2020.

Lean TG4 ag forbairt an eagrais le feidhmiú go

*TG4's excellent documentary on the Irish woman who shot Mussolini airs this week.*

Paul Moore
*Irish Mirror* 15/9/21



***Violet Gibson — An tÉireannach Mná a Lámhach Mussolini*** léirithe ag Ned Kelly Pictures

Maoiniú Reatha & Caipitil 2021: **€38.733m**
(& €4.152m Ioncam Tráchtála Glan)

| Caiteachas Clár: | Costas Foirne: | Forchostais: | Margaíocht, Taighde agus Tarchur |
|---|---|---|---|
| €30.569m | €6.57m[1] | €2.42m[2] | €3.45m |

Caiteachas le Earnáil Léiriúcháin Neamhspleách na hÉireann: **€21.9m**[3]

[1] Lena n-áirítear costais foirne léiriúcháin de €2.163m.
[2] Lena n-áirítear táille BAI €0.72m.
[3] Gan cearta spóirt agus ceoil, agus caiteachas taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann, san áireamh.

*Kylemore Abbey is the spectacular setting for 'Ceiliúradh na mBan' celebrating Irish women.*

*We Are Irish 21/4/22*



Liz & Yvonne Keane, ***Ceol ó Kylemore*** léirithe ag Red Shoe Productions

*The story of the hell raising life of O'Toole makes for an entertaining and insightful documentary full of fun stories of wild excess, brilliant movie anecdotes and at the heart of it, the story of a man searching for an identity and longing to be Irish.*

*Irish Post 16/12/21*

h-éifeachtúil. Tugadh plean gníomhaíochta maidir le hÉagsúlacht, Cothroime agus Uilechuimsitheacht chun cinn san eagras, agus leanadh dea-chleachtais i leith nósmhaireachtaí sláinte, folláine agus Meabhairshláinte. Cuireadh dlús freisin le cur chuige TG4 i leith Claochlú Digiteach.

Ó Mhí Eanáir 2021, mar chuid dár ngealltanais i dtaobh léiriúcháin inbhuanaithe agus spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach, gheall TG4 go mbeadh sé éigeantach go ndéanfadh gach léiriúchán a bhfuil conradh acu le TG4 úsáid a bhaint as Áireamhán Carbóin albert le lorg carbóin a thomhais agus a bhainistiú.



Peter O'Toole ***Réalta & Rógaire***, léirithe ag Dearg Films

# Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile

Bunaíodh Bord Theilifís na Gaeilge i mí Aibreáin 2007 faoi fhoráil an Achta Craolacháin, 2001. Tá an bord comhdhéanta de chathaoirleach agus 11 bhall, an Ard-Stiúrthóir san áireamh i gcáil ex-officio chomh maith le ball atá ionadaíoch ar an bhfoireann. An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin a dhéanann na ceapacháin.

Tháinig an Bord le chéile 7 n-uaire i rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2021.

**Comhaltaí Boird agus an tArd-Stiúrthóir ar an 31 Nollaig 2021**


Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach)


Alan Esslemont (Ard-Stiúrthóir)


Des Geraghty


Mairéad Ní Cheóinín


Micheál Seoighe


Michelle Ní Chróinín


Bríd Ní Fhachtna


Frank Reidy


Mairéad Ní Nuadháin


Siobhán Ní Ghadhra


Darach Ó Tuairisg


Seán Ó Domhnaill

**Rúnaí Cuideachta agus Oifig Chláraithe**
Emer Ní Ghabhnáin
TG4
Baile na hAbhann
Co. na Gaillimhe

**Rúnaí an Bhoird**
Lís Ní Dhálaigh

**Fochoistí an Bhoird**
Tá cheithre fhochoiste ag an mBord, mar seo a leanas:

***An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***
Bríd Ní Fhachtna (Cathaoirleach)
Frank Reidy
Mairéad Ní Nuadháin

I rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2021, tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile 4 huaire agus thuairiscigh siad don Bhord i ndiaidh na gcruinnithe sin. Tuairiscíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh go díreach don Choiste Iniúchóireachta.

***An Coiste Luach Saothair***
Siún Ní Raghallaigh (An Cathaoirleach)
Des Geraghty
Micheál Seoighe

Tháinig an Coiste Luach Saothair le chéile uair amháin sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2021.

**An Coiste Branda**
Michelle Ní Chróinín (An Cathaoirleach)
Siobhán Ní Ghadhra

Tháinig an Coiste Branda le chéile 2 uair sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2021.

**An Coiste Digiteach**
Mairéad Ní Cheóinín (An Cathaoirleach)
Darach Ó Tuairisg
Seán Ó Domhnaill

Tháinig an Coiste Digiteach le chéile uair amháin sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2021.

**Iniúchóir**
An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste
Oifig an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara
Duga Spencer,
Baile Átha Cliath 1

**Baincéirí**
AIB
Caisleán an Loingsigh
Sráid na Siopaí
Gaillimh

# Tuairisc an Chathaoirligh

Seo í an tuarascáil dheireanach uaimse mar Chathaoirleach ar Bhord TG4. Tá tábhacht ar leith ag baint léi i mbliana agus mé ag breathnú siar ar gach a bhfuil bainte amach le deich mbliana anuas.

In ainneoin go raibh go leor dúshlán le sárú againn, lena n-áirítear drochchúlú eacnamaíochta agus ísliú a bheith tagtha ar ár maoiniú agus ar ár n-ioncam tráchtála — rud atá athraithe, tá áthas orm a rá, le trí bliana anuas — is iad na téamaí ba thábhachtaí le deich mbliana anuas ó thaobh TG4 de ná an iomaíocht dhomhanda, an claochlú digiteach agus an fás.

Tá athrú ó bhonn tagtha ar thírdhreach na meán. Tá an teicneolaíocht dhigiteach, na meáin shóisialta agus gléasanna nasctha tar éis an chaoi a n-usáidtear ábhar a athrú ó bhonn agus tá na línte a bhí idir na craoltóirí traidisiúnta agus idirghabhálaithe an ábhair dhomhanda tagtha le chéile. Tá ilchuideachtaí ar nós Amazon, Google, Apple, Netflix, Disney agus Sky atá i mbun na teicneolaíochta domhanda, na meán agus an idirlín tar éis dul chun cinn suntasach a dhéanamh in earnáil chlosamhairc na hEorpa, agus an timpeallacht iomaíoch curtha as a riocht acu do chraoltóirí seirbhíse poiblí agus tráchtála araon.

Tá forbairt tagtha ar TG4 freisin. Is gnó meán í an tseirbhís anois seachas a bheith ina craoltóir líneach amháin agus ábhar, seirbhís Player, cainéil meán sóisialta, Aipeanna agus go leor eile á gcur ar fáil ar ardáin chraolta agus ar líne, agus í ag plé leis an lucht féachana ar cibé gléas a roghnaíonn siad féin- teilifíseáin, fóin chliste, táibléid, ríomhairí agus go leor eile.

Ar aon dul le gach eagraíocht meán cumarsáide seirbhíse poiblí eile, bíonn dianchomórtas roimh TG4 agus é sa tóir ar lucht féachana fad is atá mórchomhlachtaí domhanda na meán agus na teicneolaíochta ag caitheamh na mbilliún ar ábhar nua dá n-ardáin agus na roghanna mar a bhaineann le hábhar á leathnú amach go dtí seirbhísí físe ar síntiús, ábhar digiteach agus sóisialta, agus go leor eile.

Ní nach ionadh, chuir paindéim Covid-19, a raibh an oiread sin dár saol faoina smacht aici le beagnach dhá bhliain go leith, dlús le hathruithe ar iompar an lucht féachana agus ar chur isteach digiteach. Cuireadh isteach go háirithe ar an imirce go dtí sruthú agus seirbhísí ábhair ar líne. I gcás na síntiús atá ag teaghlaigh in Éirinn le Netflix mar shampla, níorbh fhiú trácht orthu níos lú ná deich mbliana ó shin, ach dhúbail siad ar a laghad sa dá bhliain suas go dtí 2021, go dtí os cionn 40%. Tá teilifíseáin chliste anois ag go maith os cionn 60% de theaghlaigh na hÉireann, rud a chiallaíonn gur féidir teacht ar sheirbhísí ar líne tríd an teilifíseáin — bhí an-tionchar ag gach rud acu seo ar an lucht féachana atá ann le breathnú ar chláracha beo.

In ainneoin na ndúshlán sin, agus an t-athrú ó bhun atá tagtha ar gach réimse dár gcuid oibre, lean TG4 ar aghaidh ag déanamh an rud a bhfuil sé go maith aige: an lucht an féachana in Éirinn agus ar fud an domhain a shásamh trí shiamsaíocht agus cultúr úrnua na hÉireann a thaispeáint ar bhealach comhaimseartha trí lionsa *Súil Eile* TG4 féin; nuacht agus cúrsaí reatha a bhaineann go sainiúil leis an nGaeilge, an pobal, an tír agus an domhan mór a chur ar fáil; infheistíocht a dhéanamh i gcláir ó earnáil neamhspleách na hÉireann, feidhmiú mar inneall fáis don gheilleagar cruthaitheach sna réigiún in Éirinn; cuidiú le pobail labhartha na Gaeilge agus an Ghaeltacht a chothú; agus a chinntiú go mbeidh an t-ábhar seirbhíse poiblí i nGaeilge tábhachtach i gcónaí in Éirinn an lae inniu.

### Is Inneall é TG4 le haghaidh Fás an Gheilleagair Chruthaithigh sna Réigiúin in Éirinn


Mar Fhoilsitheoir-Craoltóir, cumasaíonn TG4 an fhorbairt ar ábhar den chéad scoth agus tacaíonn sé le fás na dtionscal cruthaitheach in Éirinn. Bhí muid taobh thiar ar bhealach suntasach den fhás agus den fhorbairt a bhain le hearnáil chlosamhairc na Gaeilge i réigiúin na hÉireann.

Sular bunaíodh TG4 beagnach 26 bliain ó shin, is ar éigean a raibh aon earnáil léiriúcháin neamhspleách sna réigiúin. Ba é TG4 an chéad chraoltóir a chuir an tsamhail Foilsitheoir-Craoltóir i bhfeidhm in Éirinn agus a rinne coimisiúnú suntasach ar ábhar ó chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleách sna ceantair réigiúnacha.

Fiú amháin le deich mbliana anuas, tá thart ar €250m caite ag TG4 ar sheirbhísí cruthaitheacha in Éirinn, go




An tAire Catherine Martin TD agus Siún Ní Raghallaigh, Cathaoirleach TG4.



*Clarence*

háirithe i gceantair réigiúnacha. De sin, infheistíodh beagnach €230m in earnáil léiriúcháin neamhspleách na hÉireann, an chuid is mó de le comhlachtaí léiriúcháin sna réigiúin. Gach bliain, Caitear breis agus 90% dár mbuiséad cláracha gach bliain ar léiriúcháin neamhspleácha.

Tá thart ar 500 post coibhéise lánaimseartha á gcothú go díreach ag TG4 i dtionscadail closamhairc i gceantair Ghaeltachta agus sna réigiúin. Eascraíonn go leor buntáistí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúir as seo do na pobail seo.

**Daoine Cumasacha a Fhorbairt don Tionscal**
Is infheisteoir tábhachtach é TG4 freisin mar a bhaineann leis an oiliúint in earnáil na léiriúchán chun daoine cumasacha agus scileanna cruthaitheacha a fhorbairt.

Idir 2008 agus 2013, reáchtáil TG4, i gcomhar le hÚdarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus Údarás na Gaeltachta, roinnt scéimeanna forbartha le haghaidh gearrscannáin (Síol, Údar, Scéal 1 agus 2) ach de bharr srianta ar mhaoiniú ní raibh muid in ann iad a choinneáil ag imeacht ar feadh beagnach trí bliana. Sa chuid dheireanach de na deich mbliana, d'éirigh linn an scéal a leigheas. Seoladh *Cine4* in 2017 i gcomhar leis an BAI agus le Fís Éireann, chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do léiriú scannán lánfhada i nGaeilge.

In 2018, sheol muid, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, Scéim Forbartha Oiliúna sna Meáin nua chun cabhrú le forbairt a dhéanamh ar scileanna léiriúcháin agus taithí oibre a chur ar fáil. Mar chuid de sin, rinne muid maoiniú ar chlár meantóireachta in 2021, d'fhonn tacú le comhlachtaí léiriúcháin atá lonnaithe sa Ghaeltacht comhléirithe a fhorbairt agus a ngnó a fhás i margaí idirnáisiúnta. Tá *Glúin Nua* bunaithe againn freisin, scéim a chuireann tacaíocht ar fáil do Stiúrthóirí agus Scríbhneoirí atá ag teacht chun cinn lena dTionscadail i nGaeilge, chomh maith leis an *Scéim Forbartha Oiliúna* (scéim a chuireann socrúcháin bliana le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleách ar fáil d'oiliúnaithe sa tionscal). Tacaíonn Údarás na Gaeltachta leis an scéim seo, agus bíonn oiliúint chreidiúnaithe curtha ar fáil ag Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo.

Is ábhar mór mórtais agam an obair atá déanta ag TG4 trí na scéimeanna seo. Bhí siad ríthábhachtach ó thaobh tallann scríbhneoireachta, stiúrtha agus léiriúcháin na Gaeilge a fhás agus bhí a luach agus a dtionchar le tabhairt faoi deara ar fud an tionscail.

Tá mé an-bhródúil go háirithe as Cine4 — ní hamháin gur chabhraigh sé le drámaíocht ar ardchaighdeán i nGaeilge a léiriú, ach chomh maith leis sin thug sé drámaíocht i nGaeilge ar ardchaighdeán chuig na pictiúrlanna agus chuir sé le stádas na scannán i nGaeilge. Scaoileadh dhá scannán i nGaeilge chuig na pictiúrlanna agus féilte idirnáisiúnta in 2019 agus 2020. Críochnaíodh trí scannán eile in 2021 agus scaoilfear chuig na pictiúrlanna iad i 2022. Fuair siad ar fad ardmholadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Roghnaíodh Arracht mar iontráil na hÉireann don chatagóir Príomhscannán Idirnáisiúnta is Fearr ag na Oscars in 2021. Bhuaigh *An Cailín Ciúin* dhá mhórdhuais ag an 63ú Féile Scannán Idirnáisiúnta Bheirlín, ocht IFTA agus bhronn Ciorcal Criticeoirí Scannán Bhaile Átha Cliath (DFCC) an gradam an Scannán Éireannach is Fearr air agus bronnadh Gradam an Lucht Féachana air freisin. Bhronn an DFCC an gradam Ensemble is Fearr ar *Róise & Frank* chomh maith.

**Lucht Féachana Ábhar Craolta agus Neamhlíneach**
Le deich mbliana anuas, tá forbairt tagtha freisin ar an gcaoi a mbaineann ár lucht féachana úsáid as seirbhísí TG4.

Go luath sna deich mbliana seo caite, d'aistrigh TG4 go dtí teilifís dhigiteach trastíre, bhunaigh sé seirbhísí Player agus thosaigh sé ag infheistiú go dáiríre in ardáin neamhlíneacha, agus Aipeanna nua agus cainéil ar líne á bhforbairt aige. Sa dara leath de na deich mbliana, leathnaigh muid amach freisin go dtí ardáin na meán sóisialta le seirbhísí dála *Bloc*, cainéal meán sóisialta TG4 do dhaoine idir 18 agus 34 bliana d'aois agus *Molscéal*, an t-ardán atá againn le haghaidh scéalta pobalbhunaithe i nGaeilge ó cheantair Ghaeltachta. Le deich mbliana anuas, tá pearsantacht dhigiteach agus lucht féachana TG4 neartaithe againn- sa bhliain 2021 aisti féin bhí 62m amharc físe tras-ardán ar ábhar TG4 agus 62m amharc ar na meáin shóisialta.

Mar léiriú ar ár láithreacht ar na hardáin chraolta agus na hardáin neamhlíneacha, in 2020, den chéad uair riamh, d'fhorbair TG4 beart nua d'ábhar tras-ardán chun teacht ar lucht féachana na Gaeilge. Léiríonn an beart seo go bhfuil an teagmháil trasmheáin atá ag TG4 le lucht



Orla Ní Fhinneadha, ***Cúla4 ar Scoil*** léirithe ag Fíbín Media

féachana na Gaeilge láidir. In 2021, shroich muid beagnach 72% de lucht féachana na Gaeilge go seachtainiúil, ar fud na n-ardán líneach agus digiteach go léir lena n-áirítear an teilifís, gléasanna cliste, gléasanna soghluaiste agus ar líne srl.

Tá ár lucht féachana sa chraoladh líneach fós láidir. In 2021, bhreathnaigh níos mó ná 81% den daonra ar TG4 ag am éigin i rith na bliana. Ag tús na ndeich mbliana atá díreach caite bhí muid san 8ú áit as na 10 gcainéal líneacha ab fhearr in Éirinn agus anois, in 2021, tá muid sa 7ú háit.

Mar gheall ar gur aistrigh muid chuig ardáin neamh-líneacha, tá TG4 in ann infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt agus i soláthar ábhair oideachais agus ábhar “edutainment” do pháistí agus do dhaoine óga.

Is é *Cúla4* an tseirbhís a chraolann TG4 go laethúil le haghaidh páistí. Chun freagairt do Covid-19, sheol muid clár scoile baile *Cúla 4 ar Scoil* (le hábhair ar nós Gaeilge, Mata, Stair, Tíreolaíocht, na healaíona agus eolaíocht srl.). Craoladh an tsraith i rith dhá bhliain na paindéime agus cuireadh ábhar ar fáil ar líne freisin agus ar chainéal YouTube Cúla4. Tá sé cruthaithe gur acmhainn luachmhar Ghaeilge é Cúla4 do bhunscoileanna agus léirigh taighde neamhspleách go n-úsáideann 44% de na múinteoirí bunscoile go léir, 80% de mhúinteoirí i mbunscoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge agus 250,000 páiste bunscoile ar fud na hÉireann, Seinnteoir TG4 nó *Cúla4* go rialta sa seomra ranga.

Tá acmhainn foghlama ar líne freisin ag TG4 a chuidíonn leis na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna, *TG4 Foghlaim*. Áirítear leis seo ábhar closamhairc do churaclaim na hArdteiste agus an Teastais Shóisearaigh, acmhainn iontach do mhic léinn. Forbraíodh an tairseach i gcomhpháirt leis an gComhairle Um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).

**Cúrsaí Airgeadais**

Tar éis ísliú suntasach a bheith ar mhaoiniú TG4 mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta, níor tháinig aon athrú ar mhaoiniú reatha TG4 i rith na chéad chúig bliana de mo thréimhse i mo Chathaoirleach ar Bhord TG4. Ba thosaíocht straitéiseach dár gcuid oibre mar Bhord é díriú ar mhaoiniú breise a chuardach d’fhonn seirbhísí TG4 a neartú agus a leathnú amach tuilleadh.

Cuireadh an obair seo i dtoll le chéile trí straitéis TG4 2018-2022 a fhorbairt agus trí Fhís nua Tar Éis Covid a fhorbairt don tréimhse ama 2022-2025. Bhí sé mar chuspóir acu seo cur ar chumas TG4 aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh na meáin Ghaeilge sa ré dhigiteach chun go rachadh sé go mór chun tairbhe dár lucht féachana, dár sochaí agus do gheilleagar na hÉireann.

Maidir leis sin, bhí áthas ar an mBord go bhfuair TG4 ardú €3.5m don bhliain 2021 agus €4.2m do bhliain 2022. Is é an maoiniú don bhliain 2022 an t-ardú is mó a tháinig ar mhaoiniú poiblí TG4 in aon bhliain amháin agus tá muid fíorbhuíoch as an ardú maoinithe seo. Creideann muid go léiríonn sé seo go n-aithníonn an Rialtais a thábhachtaí atá na meáin phoiblí seirbhíse Gaeilge inár sochaí. Tá an maoiniú breise ar fad á infheistiú in ábhar, i scileanna agus i gcruthaitheacht.

**Buíochas**

Ba mhór an onóir dom a bheith i gceannas ar Bhord TG4 le deich mbliana anuas. Ba mhaith liom mo thuarascáil a thabhairt chun críche le focal buíochais.

Ar an gcéad dul síos, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Catherine Martin TD, an tArd-Rúnaí Katherine Licken agus lena hoifigigh eile sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tá muid an-bhuíoch as an tacaíocht atá léirithe acu do mheáin na seirbhíse poiblí Gaeilge agus as an méadú ar mhaoiniú, agus creideann muid freisin go léiríonn sé seo muinín i straitéis TG4 mar a bhaineann le lucht féachana agus an léiriú réigiúnach.

Ar an dara dul síos, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do chomhaltaí uile an Bhoird as a ndúthracht agus a dtiomantas do TG4. Cosúil liom féin, tá ceathrar comhaltaí den Bhord tagtha go deireadh a dtéarmaí freisin, agus ba mhaith liom gach rath a ghuí orthu (Des Geraghty, Mairéad Ní Cheóinín, Micheál Seoighe agus Michelle Ní Chróinín). Guím gach rath ar na comhaltaí Boird eile chomh maith agus iad ag stiúradh TG4 isteach sa todhchaí.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an lear mór eagraíochtaí a mbíonn TG4 ag obair leo. Áirítear orthu sin Údarás Craolacháin na hÉireann, an Ciste Craoltóireachta Gaeilge, Fís Éireann agus RTÉ. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le hearnáil léiriúcháin neamhspleách na hÉireann agus lenár gcomhpháirtithe cruthaitheacha eile.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le foireann oibre TG4. D’oibrigh gach uile dhuine acu go dian dícheallach le linn mo thréimhse i mo Chathaoirleach ar Bhord TG4. Ba mhaith liom go háirithe mo bhuíochas a chur in iúl don Ard-Stiúrthóir Alan Esslemont as an gceannaireacht fhísiúil a dhéanann sé ar TG4 agus a thiomantas don stáisiún. Guím gach rath orthu agus iad ag réiteach do na deich mbliana amach romhainn i TG4 — agus níos faide ná sin!



**Siún Ní Raghallaigh**
***Cathaoirleach***

11 Aibreáin 2022

# Tuairisc an Ard-Stiúrthóra

Tá an tuarascáil seo á scríobh agam le linn na géarchéime geopholaitiúla atá mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin, agus imní agus éiginnteacht amach romhainn mar dhaoine aonair agus mar náisiún araon. Agus é ag teacht sna sála ar phaindéim Covid-19, a raibh an-tionchar aici ar phobail agus ar ghnólachtaí, tá dúshláin os ár gcomhair i gcónaí. Ar ndóigh is é an tionchar ar an duine daonna an chloch is mó ar ár bpaidrín ach tá an ghéarchéim ag cothú deacrachtaí móra freisin don tsocheacnamaíocht, dála costais fuinnimh a bheith ag ardú, acmhainní a bheith gann agus boilsciú a bheith ag tarlú, rud a mbíonn impleachtaí aige dár gcumhacht chaithimh.

Anuas air sin, tá roinnt dúshláin shuntasacha le sárú ag TG4 inár n-earnáil féin, díreach mar atá ag gach eagraíocht meán seirbhíse poiblí eile. Níl san iomaíocht dhomhanda ó mhórchomhlachtaí na teicneolaíochta agus na meán, an cur isteach ar theicneolaíocht, inrochtaineacht agus feiceálacht ach codán acu seo. I gcás TG4, is mó fós na deacrachtaí de bharr gur eagraíocht é a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus a oibríonn i margadh domhanda ina bhfuil na meáin ag feidhmiú i mBéarla den chuid is mó.

Mar sin féin, tá sé cruthaithe ag TG4 go bhfuil an-teacht aniar ann agus tá ríméad orm a thuairisciú gur éirigh go maith leis an tseirbhís in 2021 ó thaobh an lucht féachana de, agus ó thaobh chaighdeán na gclár agus ár n-ábhar digiteach. Lean muid orainn ag freagairt do na dúshláin a chruthaigh Covid-19 ó thaobh cláracha a sholáthar: trí ábhar uathúil don oideachas agus don tsiamsaíocht a chur ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga; le hábhar a rinne treisiú ar ár gcartlann dhigiteach; agus formáidí nua, samhlaíocha in úsáid san ábhar chun dul i ngleic leis na srianta a bhain le cúrsaí oibre agus taistil. Chomh maith leis sin, neartaigh muid ár gcomhpháirtíocht le hearnáil léiriúcháin neamhspleách na hÉireann agus lean muid orainn ag infheistiú sa gheilleagar cruthaitheach i réigiúin na hÉireann agus ag aimsiú agus ag forbairt tallann don tionscail.

**An Fhís Tar Éis Covid**

Bhí an fhorbairt ar Fhís nua Tar Éis Covid don tréimhse ama 2022-2025 ar cheann de na gníomhartha ba thábhachtaí dúinn in 2021. Is é an cuspóir a bhain leis seo ná TG4 a chumasú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin phráinneacha atá ag na meáin Ghaeilge sa ré dhigiteach agus fiúntas suntasach don tsochaí agus don eacnamaíoch a chinntiú. Tá trí thosaíocht straitéiseacha agus chruthaitheacha i gceist leis an bhfís seo:

1. Freastal ceart a dhéanamh ar an gcuid is óige dár lucht féachana agus iad a spreagadh, agus cur lenár rannpháirtíocht leo.
2. Freastal níos fearr fós a dhéanamh ar an lucht féachana a labhraíonn Gaeilge agus ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta.
3. Cabhrú le cuideachtaí cruthaitheacha sna réigiúin teacht slán ó ghéarchéim Covid-19 agus ár gcion féin a dhéanamh chun cuidiú leis an tír teacht chuici féin.

Chuir na tosaíochtaí straitéiseacha sin, creat ar fáil dár bhfeidhmíocht in 2021 agus dár bhfócas do na blianta atá amach romhainn.

I gcomhthéacs na físe nua seo, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhéadú €3.5m a tháinig ar an leithdháileadh ar TG4 don bhliain 2021 agus an t-ardú €4.2m ar an maoiniú le haghaidh 2022 (an méadú is mó riamh ar mhaoiniú poiblí TG4 in aon bhliain amháin). Tá muid thar a bheith buíoch as an méadú seo ar mhaoiniú. Creideann muid go léiríonn sé go n-aithníonn an Rialtas tábhacht na Gaeilge agus na Meán Seirbhíse Poiblí, agus an ról riachtanach atá acu sa tsochaí. Beidh an maoiniú breise ar fad caite ar chláracha ardchaighdeáin, ar thallann nua a chothú, ar an scilbhisiú agus ar an gcruthaitheacht. Cuireann an infheistíocht a rinne muid in 2021 (agus a dhéanfar suas go dtí 2022 agus ina dhiaidh sin) bonnchloch faoi ghné bhunúsach dár bhFís Tar Éis Covid is é sin "a chinntiú go mbeidh an t-ábhar i nGaeilge ó na seirbhísí poiblí tábhachtach i gcónaí in Éirinn na linne seo".




Uachtarán na Gearmáine Frank-Walter Steinmeier, Elke Büdenbender, Sabina Higgins agus an tUachtarán Michael D. Higgins ar cuairt ar stiúideo ***Ros na Rún*** mar cheiliúradh ar 25 bliain TG4.

*Tá sé in am na laigí atá sa státseirbhís ó thaobh freastal ar phobal na Gaeilge a leigheas.*

— An tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn nuair a thug sé cuairt ar Ros na Rún le hUachtarán na Gearmáine.

*Ní mór an t-ardú croí a bhí le fáil le bliain ach mo ghraidhin Hector, TG4 agus Éire Nua a thug údar dóchais dom.*

*— Tuairisc.ie*



***Hector — Éire Nua*** léirithe ag Domhan Media

**Infheistiú i nGeilleagar Cruthaitheach na Réigiún in Éirinn**

Agus é ag feidhmiú mar Fhoilsitheoir-Craoltóir, bíonn TG4 ag brath go mór ar an earnáil léiriúchán neamhspleách in Éirinn. Chuir an phaindéim as go mór don earnáil seo chomh maith le tionscail chruthaitheacha eile.

Leanadh ar aghaidh i rith 2021 le straitéis COVID-19 TG4 don earnáil, straitéis a bhí forbartha againn in 2020, mar thoradh ar na srianta breise.

Mar Chraoltóir Foilsitheoireachta, creideann TG4 gur cheart dúinn an oiread agus is féidir dár n-ábhar agus dár seirbhísí a fháil ó chomhlachtaí cruthaitheacha atá lonnaithe sna réigiúin in Éirinn. Oibríonn go leor acu seo trí mheán na Gaeilge agus tá siad lonnaithe i gceantair Ghaeltachta. In 2021, chaith TG4 €27.3m ar sheirbhísí cruthaitheacha i bPoblacht na hÉireann (PÉ),[4] agus íocadh nach mór €22m de sin le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha. Íocadh beagnach €800k le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha Gaeilge i dTuaisceart Éireann.

In 2021, bhronn TG4 trí chonradh déag nua ceithre bliana ar chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha Gaeilge chun cláracha a léiriú. Chuir na comhlachtaí seo ábhar ar ardchaighdeán ar fáil do na príomhamanna craolta i sceideal TG4 in 2021 (agus ar feadh trí bliana breise), agus áiríodh leis seo den chéad uair, beart léiriúcháin dírithe ar an lucht féachana faoi 35.

Tríd an gcaiteachas seo, thacaigh TG4 le poist a chruthú agus tionscail chruthaitheacha a fhorbairt sna réigiúin, rud a chuidíonn leis an ngeilleagar cruthaitheach a chothú agus a neartú sna réigiúin in Éirinn.

**Infheistiú chun Daoine Cumasacha don Tionscal a Aimsiú agus a Fhás**

Lean TG4 ar aghaidh in 2021 ag cabhrú le daoine cumasacha nua a fhorbairt don tionscal. Faoi bhliain a dó den scéim Forbartha Oiliúna, tugadh socrúcháin bliana le haon chomhlacht léiriúcháin neamhspleách déag don dream a bhí faoi oiliúint. Faigheann an scéim tacaíocht ó TG4 agus ó Údarás na Gaeltachta, agus cuireann Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo (GMIT) oiliúint chreidiúnaithe ar fáil.

Mar chuid den Scéim Forbartha Oiliúna do na meáin nua i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, rinne muid clár meantóireachta a mhaoiniú in 2021, d'fhonn cabhrú le comhlachtaí léiriúcháin atá lonnaithe sa Ghaeltacht comhléirithe a fhorbairt agus a ngnó a fhás i margaí idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, chuir muid Glúin Nua ar fáil, scéim chun tacú le tograí Gaeilge Stiúrthóirí agus Scríbhneoirí atá ag teacht chun cinn. Tá muid an-bhuíoch de na comhpháirtithe ar fad a oibríonn linn ar na scéimeanna luachmhara forbartha tionscail seo.

**Infheistiú i gCláracha Ardchaighdeáin**

In 2021, infheistíodh 80% de mhaoiniú poiblí TG4 in ábhar i nGaeilge (agus caitheadh an chuid eile ar tharchur, margaíocht agus baill foirne srl.).

Choinnigh muid orainn ag coimisiúnú cláracha Gaeilge úrnua ar ardchaighdeáin, don sceideal craolta agus dár n-ardáin ábhair neamhlíneacha. I measc na gcláracha aitheanta a craoladh in 2021 bhí ceiliúradh TG4 ar 80 bliain a bheith slánaithe ag an Uachtarán Micheál D. Ó hUigínn, clár a thaitin go mór leis an lucht féachana, Síle

[4] Gan cearta spóirt agus ceoil a áireamh.

Seoige: Deireadh Tochta, clár faisnéise cumhachtach a rinne iniúchadh ar an mbreith anabaí agus an clár faisnéise Laochra Gael faoin bpeileadóir as Dún na nGall Kevin Cassidy. Chomh maith leis sin, léirigh muid an cheolchoirm *Ceol ó Kylemore* ar éirigh thar barr léi agus a craoladh ar fud an domhain ar Lá Fhéile Bríde 2021.

Bhí muid i mbun comhoibrithe ar go leor comhléirithe idirnáisiúnta lena n-áirítear: Fleadhfest 2021; Báisteach, comhléiriúchán le KCA (an Chóiré), China LIC, BBC Alba, ILBF agus Creative Wales; Paul Muldoon / The Muldoon Picnic, comhléiriúchán de chuid TG4 agus BBC; agus, The Laughing Boy, comhléiriúchán le ERT Greece — i measc go leor eile.

Ainmníodh ceann dár mbeochana a ndearnadh comhléiriú air, Sol, scannán álainn do pháistí faoin mbrón, ina iomaitheoir sa bhabhta ceannais ag Prix Jeunesse International 2022.

**Cine4 — Scannáin i nGaeilge**

Lean muid de bheith ag infheistiú i Cine4, scéim scannán Gaeilge TG4 i gcomhar le Fís Éireann agus Údarás Craolacháin na hÉireann. Chríochnaigh muid trí scannán i nGaeilge in 2021 agus tá sé i gceist iad a thaispeáint sna pictiúrlanna in 2022.

In 2021, nuair a roghnaíodh *Arracht* mar iontráil na hÉireann don chatagóir Príomhscannán Idirnáisiúnta is Fearr de chuid na nOscar, agus nuair a eisíodh sna hamharclanna é ina dhiaidh sin, chuidigh sé leis na scannáin i nGaeilge a dhéanamh níos feiceálaí.



***Foscadh*** léirithe ag Magamedia



Evelyn O'Rourke: ***Ailse & Ise*** léirithe ag Tyrone Productions

Bhí An Cailín Ciúin, ceann de léiriúcháin na bliana 2021, le feiceáil den chéad uair ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath in 2022 agus bhuaigh sé dhá mhórdhuais ag an 63ú Féile Scannán Idirnáisiúnta i mBeirlín chomh maith le hocht IFTA. Bhronn Ciorcal Criticeoirí Scannán Bhaile Átha Cliath (DFCC) an gradam An Scannán is Fearr de chuid na hÉireann air agus bronnadh Gradam an Lucht Féachana air. Tá ardmholadh faighte ag an scannán ó léirmheastóirí sa bhaile agus thar lear. Bhronn an DFCC an gradam Ensemble is Fearr ar léiriúchán eile de chuid na bliana 2021, Róise & Frank.

Tá mé thar a bheith bródúil as na scannáin Ghaeilge ar fad a chuir scéim Cine4 ar fáil go dtí seo agus ar éirigh chomh maith sin leo ó thaobh stádas a bhaint amach don Ghaeilge, agus as na comhlachtaí a léirigh iad.

**Lucht Féachana TG4**

In 2021, bhreathnaigh níos mó ná 81% den daonra ar TG4 ag am éigin i rith na bliana. D'fhás an meánsciar den lucht féachana a bhí ag an teilifís náisiúnta ó 1.83% in 2020 go 1.9% in 2021. Chomh maith leis sin d'éirigh linn ár sciar den lucht féachana buaic-ama a ardú go dtí 2.05% i 2021. Tá muid sásta leis an éacht seo i dtimpeallacht chraolta atá an-iomaíoch — léiríonn sé an tionchar atá ag an infheistíocht atá déanta againn san ábhar ó chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha in Éirinn. Tá níos mó cláracha úrnua agus cruthaitheacha á gcur ar fáil ná mar bhí riamh cheana agus iad ag cur scéalta as Éirinn agus ón domhan mór i láthair trí lionsa Súil Eile TG4 féin.

Bhí an teagmháil trasmheáin a bhí ag TG4 le lucht féachana na Gaeilge láidir freisin. In 2021, shroich muid beagnach 72% de lucht féachana na Gaeilge in aghaidh na seachtaine, ar fud na n-ardán líneach agus digiteach ar fad lena n-áirítear an teilifís, gléasanna cliste, gléasanna soghluaiste, ar líne srl.

*Tá moladh mór ag dul don scríbhneoir/ stiúrthóir Seán Breathnach as saothar chomh teanntásach, pointeáilte a thabhairt ar an bport, go mór mhór agus gurb é seo an chéad gheábh ar fhadscannán aige.*

Breandán M. Mac Gearailt
*Tuairisc.ie* 18/7/21

*TG4 have continuously reaped the rewards for excellent ladies football coverage, and RTÉ are gradually getting there too.*

— Joanne O'Riordan
*Irish Times* 8/10/21



***Peil na mBan***, léirithe ag Nemeton

Chuaigh muid ó neart go neart freisin ó thaobh ár lucht féachana digiteach de. D'fhás an t-amharc físe trasardáin ar ábhar de chuid TG4 65% go dtí 62m in 2021 (sa bhreis ar an bhfás 63% in 2020). Tháinig méadú 33% in 2021 ar an méid ama a chaith an lucht féachana ar Sheinnteoir TG4. Mhéadaigh líon na n-amharc ar fhíseáin ar na meán sóisialta 20m go dtí beagnach 60m in 2021.

D'éirigh thar barr in 2021 le Bloc, cainéal meán sóisialta TG4 le haghaidh daoine idir 18-34 bliana d'aois. Tháinig ardú 67%, suas go dtí go 3m, ar líon na n-amharc agus bhí an t-ardú ba mhó le feiceáil ar Instagram agus TikTok áit a sroichtear i bhfad níos mó den lucht féachana atá níos óige. D'éirigh go maith freisin le Molscéal, ardán TG4 a chuireann réimse leathan scéalta pobalbhunaithe i nGaeilge ar fáil ó na ceantair Ghaeltachta agus é tar éis fás 31% nó go raibh beagnach 2.4m amharc ar fad i gceist.

**Fócas ar na páistí sa Lucht Féachana agus a gcuid Oideachais**

Le blianta beaga anuas, tá muid ag díriú isteach níos mó ar na páistí atá i measc an lucht féachana, lena n-áirítear ábhar oideachais atá spraíúil, agus idirghníomhach a chur ar fáil.

Is é Cúla4 an tseirbhís a chraolann TG4 do pháistí gach lá. Mar fhreagairt ar Covid-19, sheol muid an clár baile scoile Cúla 4 ar Scoil. I measc na n-ábhar a clúdaíodh bhí An Ghaeilge, an Mhatamaitic, an Stair agus an Tíreolaíocht chomh maith le hábhar ina raibh béim curtha ar an gcruthaitheacht, ar na healaíona, eolaíocht, traidisiúin bhéil, sláinte agus folláine. Cuireadh an tsraith le chéile le comhairle oideachais ón Roinn Oideachais agus ó Choláiste Mhuire gan Smál i Luimneach. In 2021, craoladh Cúla4 ar Scoil idir Eanáir agus Meitheamh, ceithre lá sa tseachtain. Cuireadh an t-ábhar ar fáil ar líne agus ar chainéal YouTube Cúla4 chomh maith. Bhí an lucht féachana an-tógtha leis. Is acmhainn luachmhar Ghaeilge é Cúla4 do na bunscoileanna. Léiríonn taighde neamhspleách go n-úsáideann líon thar a bheith ard, 44% de na múinteoirí bunscoile go léir, 80% de na múinteoirí sna bunscoileanna lán-Ghaeilge agus 250,000 páiste bunscoile ar fud na hÉireann, Seinnteoir TG4 nó Cúla4 ar bhonn rialta sa seomra ranga.

Tá sé i gceist ag TG4 cainéal tiomnaithe *Cúla4 do pháistí* a bhunú le go mbeidh na daoine óga níos gafa leis an nGaeilge. Beidh tús á chur leis an obair seo in 2022 agus tá Bainisteoir nua ceaptha ag TG4 ar Cúla4 le bheith i gceannas ar an obair seo agus í a stiúradh, agus tá láithreoir nua á cheapadh aige do Cúla4, duine a bheidh ag feidhmiú mar ambasadóir óige do TG4.

Treisíonn ár n-acmhainn foghlama ar líne, TG4 Foghlaim, a thacaíonn leis na bunscoileanna agus na hiarbhunscoileanna (lena n-áirítear ábhar closamhairc do churaclaim na hArdteiste agus an Teastais Shóisearaigh) leis an mbéim atá againn ar acmhainní oideachais i nGaeilge. Forbraíodh an tairseach i gcomhar leis an gComhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).

Cabhraíonn Cartlann Dhigiteach Ghaeilge TG4 linn freisin agus muid ag díriú ar acmhainní Gaeilge. Cheap muid an chéad Chartlannaí de chuid an stáisiúin chun úsáid agus buntáistí na cartlainne a chur chun cinn i measc an lucht féachana, agus teacht ar bhealaí chun í a úsáid mar acmhainn don stair agus don chruthaitheacht.

Tá tionscnaimh oideachais eile, a bhain le 2021 a dteastaíonn uaim aird a tharraingt orthu. I gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh agus Nuacht RTÉ, d'eagraigh muid cúrsa ar iriseoireacht na Gaeilge do Dhaltaí san Idirbhliain. Chláraigh os cionn 400 dalta le haghaidh Iriseoirí an Lae Amáraigh, clár seachtaine ar iriseoireacht na Gaeilge ina raibh seisiúin á dtabhairt ag léachtóirí de chuid OÉG agus iriseoirí atá ag cleachtadh a gceirde ar an teilifís, ar an raidió agus ar líne.

**Buíochas**

Thar ceann TG4, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Catherine Martin TD, chomh maith leis an Ard-Rúnaí Katherine Licken agus na hoifigigh eile dá cuid sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is mór againn an tacaíocht a thugann siad do na Meáin Seirbhíse Poiblí Gaeilge agus an méadú ar mhaoiniú a chabhraigh le TG4 an bhunobair a dhéanamh mar a bhain lenár bhfís agus ár straitéis a chur i gcrích. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le comhaltaí Boird TG4 agus leis an gCathaoirleach Siún Ní Raghallaigh as an dúthracht as cuimse a léiríonn siad do TG4. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh go háirithe le comhaltaí an Bhoird atá ag éirí as. D'éirigh le Siún Ní Raghallaigh, ár gCathaoirleach atá ag éirí as, an Bord a stiúradh le linn go leor tréimhsí dúshlánacha ó 2012 i leith tá sí ag fágáil TG4






***Jessie Buckley, Fargo***

in áit mhaith chun aghaidh a thabhairt ar an todhchaí. Tá muid thar a bheith buíoch as gach a bhfuil déanta aici don eagraíocht. Tá ceathrar eile den Bhord ag deireadh an téarma a bhí leagtha amach dóibh, mar atá Des Geraghty, Mairéad Ní Cheóinín, Micheál Seoighe agus Michelle Ní Chróinín. Is mór againn a dtiomantas do TG4 agus an obair chrua a rinne siad ar son na seirbhíse.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin le heagraíochtaí eile a oibríonn go dlúth le TG4 — Údarás Craolacháin na hÉireann, Fís Éireann, an Ciste Craoltóireachta Gaeilge i dTuaisceart Éireann, Údarás na Gaeltachta, RTÉ agus ár gcomhghleacaithe ar fad in earnáil na léiriúchán neamhspleách. Tá mé an-bhuíoch freisin de na comhlachtaí cultúir agus Gaeilge ar fad agus de na heagraíochtaí spóirt ar nós an LGFA agus CLG a mbíonn muid ag obair i bpáirt leo. Aithníonn muid an méid a chuireann siad le seirbhísí TG4. Thar aon rud eile, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na daoine cruthaitheacha eisceachtúla atá in earnáil na léiriúchán neamhspleách. Tá muid ag súil le bheith ag obair arís leis na heagraíochtaí seo ar fad in 2022 agus ina dhiaidh sin. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do mo chomhghleacaithe i TG4. In 2021, lean siad orthu ag obair go héifeachtach mar fhoireann sna cúinsí dúshlánacha a raibh muid ar fad ag déileáil leo. Tá mé buíoch de gach aon duine acu. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le lucht féachana TG4. Léiríonn taighde neamhspleách go n-aontaíonn 91% den phobal nó go n-aontaíonn siad go láidir go bhfuil gá le TG4 i saol na craoltóireachta in Éirinn agus go bhfuil ról soiléir aige. Is mór againn ár lucht féachana ar fad a leanann ar aghaidh ag úsáid ár seirbhísí.

**An Bhliain Amach Romhainn**

Tá fís agus uaillmhian ag TG4. Tá sé ríthábhachtach dúinn ár scála agus ár seirbhísí a athrú de réir mar a thagann forbairt ar mhargadh na meán, ionas go mbeidh níos mó plé againn leis an lucht féachana, go gcothófar nasc leis na daoine óga atá ag fás aníos i ndomhan na meán domhanda, agus go gcabhróidh muid le hathbheochan agus caomhnú na Gaeilge. Leanfaidh muid orainn ag lorg maoiniú breise ar mhaithe lenár seirbhísí a neartú agus a leathnú amach tuilleadh. Teastaíonn uainn go háirithe infheistíocht shuntasach a dhéanamh in ábhar agus i seirbhísí do na pháistí agus dár lucht féachana idir 15 agus 34 chun a chinntiú go mbeidh muid in ann an chuid seo den lucht féachana a shroicheadh i gceart agus go mbeidh muid ábhartha dóibh de bharr gurb iad seo an dream a shocróidh a bhfuil i ndán don Ghaeilge mar theanga pobail.



**Alan Esslemont**
***Ard-Stiúrthóir TG4***
11 Aibreáin 2022

*There's a beautiful symmetry in the fact that TG4, a channel many thought would never succeed when it was launched as Teilifís na Gaeilge in 1996 is showing Fargo, a series many, including me, believed was destined to fail.*

— Pat Stacey

# Ráiteas faoi Chúrsaí Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

### *Cúrsaí Rialachais*

Cuireadh Bord TG4 ar bun faoin Acht Craolacháin 2001. Leagtar feidhmeanna an Bhoird amach in alt 87 den Acht Craolacháin 2009. Tugann an Bord cuntas don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Táthar freagrach as an dea-rialachas a chinntiú agus déantar sin trí aidhmeanna agus spriocanna straitéise a leagan síos agus cinntí straitéise maidir leis na príomhcheisteanna gnó ar fad a dhéanamh. Is ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an meitheal shinsearach bainistíochta a leagtar an fhreagracht as an ngnáthbhainistíocht ó lá go lá agus as TG4 a rialú agus a stiúradh. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don mheitheal shinsearach bainistíochta an stiúir straitéise ghinearálta arna leagan amach ag an mBord a leanúint agus a chinntiú go mbíonn tuiscint léir ghlan ag gach comhalta den Bhord ar na bearta agus ar na cinntí príomhthábhachtacha ar fad a bhaineann leis an eintiteas agus ar ábhar suntasach baoil a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar cheangal díreach caidrimh idir an Bord agus lucht bainistíochta TG4.

### *Freagrachtaí an Bhoird*

Leagtar obair agus freagracht an Bhoird amach i dtéarmaí tagartha an Bhoird ina luaitear chomh maith na nithe sin ar leis an mBord amháin cinneadh a dhéanamh ina leith. Ar na réimsí oibre a bhíonn ar chlár oibre an Bhoird lena meas go rialta, áirítear:

- dearbhuithe maidir le leas,
- tuairiscí ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí ar chúrsaí feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeádta.

Tá ceangailte ar Bhord TG4 faoi Alt 109 den Acht Craolacháin 2009 cuntas cuí cothrom a choinneáil, i bhfoirm a aontaíonn an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Méan, ar an airgead ar fad a fhaightear agus a chaitear.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar Bhord TG4:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta comhleanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnótha leantaigh ach amháin sa chás nach mbeadh sé ciallmhar a cheapadh go leanfadh an Bord ag feidhmiú
- a lua cibé an ndearnadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a leanúint, faoi réir ag aon athrú ábhartha óna dhéanamh sin

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád ónar léir, go réasúnta cruinn ag aon tráth ar bith, staid airgeadais an ghnóthais agus lenar féidir a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais mar atá dlite faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009. Is ar an mBord a leagtar an fhreagracht maidir le heolas corparáide agus faisnéis airgeadais a chur ar fáil ar láithreán gréasáin TG4 agus maidir le hiomláine an ábhair sin.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a aontú. Rinneadh athbhreithniú maidir le feidhmíocht TG4 i gcomórtas leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad ar an 11 Aibreán 2022.

Tá an Bord freagrach freisin as na sócmhainní a choimirciú agus dá réir sin as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois nó mírialtacht eile a sheachaint agus a thabhairt chun aire.

Is é tuairim an Bhoird go bhfuil léargas cruinn cothrom ó ráitis airgeadais TG4 ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais TG4 amhail an 31 Nollaig 2021.

### *Struchtúr an Bhoird*

Cathaoirleach, agus 10 ghnáthchomhalta atá ar an mBord, iad ar fad arna gceapadh ag an Rialtas, agus an tArdstiúrthóir mar chomhalta de bhrí oifige. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse suas le cúig bliana agus tá roinnt comhaltaí ceaptha ar feadh tréimhsí níor giorra (cosúil le hathcheapacháin), agus bíonn cruinnithe acu go tráthrialta.

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí 6 chomhalta baineann (50%) agus 6 chomhalta fireann (50%) ar an mBord, agus ní raibh aon folúntas le líonadh. De bhrí sin, comhíonann an Bord an sprioc atá leagtha amach ag an Rialtais go mbeadh ar a laghad 40% de gach inscne i mBallraíocht na mBord Stáit. Leagtar amach sa tábla thíos mioneolas faoi thréimhsí ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta arna Cheapadh |
|---|---|---|
| Alan Esslemont (An tArd-Stiúrthóir) | Príomhfheidhmeannach | 14/10/2016 |
| Siún Ní Raghallaigh | Cathaoirleach | Athcheapadh 17/04/2017 |
| Des Geraghty | Gnáthchomhalta | Athcheapadh 17/04/2017 |
| Mairéad Ní Cheóinín | Gnáthchomhalta | Athcheapadh 17/04/2017 |
| Micheál Seoighe | Gnáthchomhalta | Athcheapadh 17/04/2017 |
| Michelle Ní Chróinín | Gnáthchomhalta | Athcheapadh 17/04/2017 |
| Bríd Ní Fhachtna | Gnáthchomhalta | Athcheapadh 22/12/2020 |
| Frank Reidy | Gnáthchomhalta | Athcheapadh 22/12/2020 |
| Mairéad Ní Nuadháin | Gnáthchomhalta | 21/11/2017 |
| Siobhán Ní Ghadhra | Gnáthchomhalta | 21/11/2017 |
| Darach Ó Tuairisg | Gnáthchomhalta | 21/11/2017 |
| Seán Ó Domhnaill | Gnáthchomhalta | 08/05/2022 |

Chuir an Bord tús i mí na Nollag 2020 le hAthbhreithniú agus Measúnóireacht ar Éifeachtúlacht an Bhoird a tugadh chun críche i Lúnasa 2021. Críochnaíodh athbhreithniú do 2021 i mí Aibreán 2022.

### Sceideal maidir le cúrsaí Tinrimh, Táillí agus Costais

Leagtar amach sceideal thíos maidir le cúrsaí tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus Choistí an Bhoird i rith na bliana 2021 chomh maith leis na táillí agus na costais a fuair gach comhalta

| | An Bord | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | An Coiste Luach Saothair | An Coiste Branda | An Coiste Digiteach | Táillí 2021 | Costais 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gCruinnithe** | **7** | **4** | **1** | **2** | **1** | | |
| Alan Esslemont | 7 | - | - | - | - | - | - |
| Siún Ní Raghallaigh (An Cathaoirleach) | 7 | - | 1 | - | - | 21,683 | - |
| Des Geraghty | 7 | - | 1 | - | - | 12,648 | - |
| Mairéad Ní Cheóinín | 7 | - | - | - | 1 | 12,648 | 235 |
| Micheál Seoighe | 7 | - | 1 | - | - | 12,648 | - |
| Michelle Ní Chróinín | 6 | - | - | 2 | - | - | - |
| Bríd Ní Fhachtna | 7 | 4 | - | - | - | 12,648 | - |
| Frank Reidy | 7 | 4 | - | - | - | 12,648 | - |
| Mairéad Ní Nuadháin | 7 | 4 | - | - | - | 12,648 | - |
| Siobhán Ní Ghadhra | 7 | - | - | 2 | - | 12,648 | - |
| Darach Ó Tuairisg | 7 | - | - | - | 1 | 12,648 | - |
| Seán Ó Domhnaill | 7 | - | - | - | 1 | 12,648 | - |
| Ilchaiteachais | | | | | | - | 6,633 |
| Lís Ní Dhálaigh (Rúnaí chuig an mBord) | | | | | | | |
| | | | | | | **135,515** | **6,868** |

Bhí aon chomhalta amháin den bhord, Michelle Ní Chróinín, nach bhfuair táille Boird de réir phrionsabail an Aon Tuarastail Amháin don Aon Duine Amháin.

Tá cheithre choiste curtha ar bun ag an mBord mar seo a leanas:

**1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Is é ról atá leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca cúnamh a thabhairt i ndáil leis na cúraimí a leagtar ar an mBord maidir le hábhar riosca, cúrsaí rialála agus rialachais agus dearbhú ina leith sin. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Déanann an Coiste, go háirithe, a chinntiú go mbíonn monatóireacht á déanamh go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialála inmheánacha, na bearta iniúchóireachta san áireamh. Tugann an Coiste tuairisc don Bhord ar gach cruinniú de chuid an Choiste chomh maith le tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid i scríbhinn.

Is iad atá ina gcomhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Bríd Ní Fhachtna (Cathaoirleach), Frank Reidy agus Mairéad Ní Nuadháin. Tionóladh 4 chruinniú den Choiste i rith na bliana 2021.

**2. An Coiste Luach Saothair:** Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach), Des Geraghty agus Micheál Seoighe. Tionóladh cruinniú amháin den Choiste i rith na bliana 2021.

**3. An Coiste Branda:** Beirt chomhalta Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Michelle Ní Chróinín (Cathaoirleach) agus Siobhán Ní Ghadhra. Tionóladh 2 chruinniú den Choiste i rith na bliana 2021.

**4. An Coiste Digiteach:** Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Mairéad Ní Cheóinín (Cathaoirleach), Darach Ó Tuairisg agus Seán Ó Domhnaill. Tionóladh cruinniú amháin den Choiste i rith na bliana 2021.

**Na Príomhathruithe Pearsanra**

Níor tháinig aon athrú ar chomhaltaí an Bhoird le linn 2021. Níor tháinig aon athrú ar an mbainistíocht shinsireach in 2021.

**Nochtadh atá dlite faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcloíonn TG4 lena n-éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear nochtadh mar seo a leanas a dhéanamh faoin gCód sin:

***Costas Comhairleoireachta***

Áirítear le costas comhairleoireachta an costas a ghabhann le comhairle sheachtrach ar an lucht bainistíochta agus ní thugtar feidhmeanna ghnáthdhéanamh an ghnó san áireamh.

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 4,078 | 1,335 |
| Comhairle airgeadais | 14,910 | 7,165 |
| Gnóthaí margaíochta | 137,602 | 119,819 |
| Acmhainní Daonna/Pinsin | 18,885 | 17,861 |
| Forbairt gnó | 40,053 | 41,412 |
| Eile | 35,781 | 81,080 |
| **Iomlán an chostais comhairleoireachta** | **251,309** | **268,672** |
| Costas comhairleoireachta arna chaipitliú | – | – |
| Costas comhairleoireachta a luaitear de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 251,309 | 268,672 |
| **Iomlán** | **251,309** | **268,672** |

***Caiteachas ar Thaisteal agus ar Chothabháil***
Déantar an caiteachas ar thaisteal agus ar chothabháil a rangú mar seo a leanas:

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| In Éirinn: | | |
| An Bord | 6,868 | 8,295 |
| An Fhoireann | 29,327 | 40,611 |
| Thar lear: | | |
| An Bord | - | - |
| An Fhoireann | 14,000 | 16,459 |
| **Iomlán** | **50,195** | **65,365** |

***Caiteachas Fáilteachas***
Luaitear caiteachas fáilteachas mar seo a leanas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Fáilteachas foirne | 47,383 | 43,050 |
| Fáilteachas cliaint | - | - |
| **Iomlán** | **47,383** | **43,050** |

***Ráiteas faoi chúrsaí Comhlíontais***
Chomhlíon TG4 na coinníollacha uile maidir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, ach amháin na cásanna eisceachta seo a leanas:

Ní dhéanann TG4 sonraí faoi shochair ghearrthéarmacha fhostaithe is mó ná €60,000 a nochtadh de réir bhandaí €10,000 sa tuarascáil bhliantúil mar a d'éileofaí a dhéanamh faoin gCód Cleachtais mar gheall ar íogaire an eolais sin ó thaobh cúrsaí tráchtála. Tá an cás eisceachta sin maidir leis an gCód aontaithe leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin agus déanfar a nochtadh i dTuarascáil an Chathaoirligh leis an Aire.



Bríd Ní Fhachtna
Cathaoirleach Gníomhach
Bord TG4
1 Meitheamh 2022

# Athbhreithniú Airgeadais 2021

**Athbhreithnithe Ioncaim agus Caiteachais**
Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar fheidhmíocht ioncaim agus caiteachais TG4 in 2021 i dtéarmaí a príomhfhoinsí agus úsáid ioncaim, príomhspreagthóirí costais an chainéil, agus a fócas foriomlán ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead. Déantar comparáid freisin san athbhreithniú idir feidhmíocht TG4 in 2021 agus in 2020 faoi na ceithre cheannteideal seo a leanas:

1. Ioncam
2. Caiteachas Oibriúcháin
3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht sa bhliain 2021
4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge sa bhliain 2021

**1. Ioncam**
Mar is léir ó **Thábla 1** thíos, b'ionann an t-ioncam iomlán (maoiniú reatha státchiste agus ioncam tráchtála) in 2021 agus €42.04m (2020: €40.36m). I gcomórtas leis an mbliain roimhe sin, tháinig ardú 4.1% ar ioncam TG4. B'ionann maoiniú reatha státchiste (le deontas €100k NDNA san áireamh) agus €36.83m (2020: €36.13m le deontas forlíontach breise de €1.9m do chostais shonracha a bhaineann le Covid-19 san áireamh) den ioncam sin agus b'ionann é agus 87.6% (2020: 89.5%) d'ioncam iomlán TG4, leis an ioncam tráchtála ag léiriú 12.4% in 2021 ag €5.2m (2020: €4.23m).

Mhéadaigh an t-ioncam tráchtála 23%. Is feidhmíocht fhónta é sin i mbliain a bhí an-iomaíoch ó thaobh an margadh fógraíochta agus fógraíochta teilifíse in Éirinn.

Tábla 1: **Ioncam TG4 2021**

| Cur síos | 2021 €'000 | 2021 % | 2020 €'000 | 2020 % |
|---|---|---|---|---|
| Deontas i gCabhair | 36,733 | 87.4% | 34,233 | 84.8% |
| Maoiniú NDNA | 100 | 0.2% | – | – |
| Deontas forlíontach do chostais shonracha a bhaineann le Covid-19 | – | – | 1,900 | 4.7% |
| Tráchtáil (fógraíocht agus urraíocht) | 3,385 | 8.1% | 2,888 | 7.2% |
| Tráchtáil eile | 1,818 | 4.3% | 1,342 | 3.3% |
| **Teacht Isteach Iomlán** | **42,036** | **100%** | **40,363** | **100%** |

**2. Caiteachas Oibriúcháin**
I dtéarmaí an chaiteachais oibriúcháin bhliantúil, leag TG4 béim leanúnach ar shamhail oibriúcháin atá chomh héifeachtúil agus is féidir agus ar bhainistíocht costas chun luach ar airgead a chinntiú i ngach gníomhaíocht. B'ionann an caiteachas oibriúcháin iomlán agus €41.13m in 2021, ardú 3.41% ar an €39.77m a caitheadh in 2020. Féach **Tábla 2** thíos.

Tábla 2:
**Caiteachas Oibriúcháin TG4 2021 i gcomparáid le 2020**

| Cur síos | €'000 2021 | €'000 2020 | % Athrú idir 2021 & 2020 |
|---|---|---|---|
| Costas na nDíolachán | 1,137 | 1,002 | 13.5% |
| Costais Foirne | 6,365 | 5,784 | 10.0% |
| Caiteachas Clár | 27,879 | 27,070 | 3.0% |
| Caiteachas Eile (Forchostais, Tarchur agus costais Mhargaíochta san áireamh) | 5,746 | 5,914 | -2.8% |
| **Caiteachas Oibriúcháin Iomlán** | **41,127** | **39,770** | **3.41%** |

**3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht**
Lean TG4 ag feidhmiú go héifeachtúil, go héifeachtach ó thaobh costas de agus go stuama in 2021. Baineadh coigilteas amach i réimse leathan ionaid costas agus baineadh tuilleadh leasa as acmhainní inmheánacha chun ábhar a chur ar fáil ar rátaí i bhfad níos éifeachtaí ó thaobh costas de.

**4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2021**
Mar a léirítear ina gealltanais don bhliain, bhí TG4 tiomanta 70% ar a laghad dá mhaoiniú reatha Státchiste a chaitheamh ar ábhar Gaeilge a léiriú, le sprioc do 80%. Mar a léirítear i d**Tábla 3** thíos, 80% den mhaoiniú Státchiste ab ea an caiteachas iarbhír. Caitheadh an 20% eile den mhaoiniú Státchiste in 2021 ar tharchur, craoladh agus cur chun cinn an sceidil agus ar fhorchostais ghinearálta.

Tábla 3: **Caiteachas ar Ábhar Gaeilge**

| Cur síos | 2021 €'000 | 2021 % | 2020 €'000 | 2020 % |
|---|---|---|---|---|
| Maoiniú reatha Státchiste & maoiniú forlíontach breise a fuarthas sa bhliain (fuarthas in 2021)* | 38,733 | 100% | 37,133 | 100% |
| Cláir Ghaeilge a ceannaíodh**: | | | | |
| Coimisiúnaithe | 25,354 | 65% | 22,890 | 62% |
| Faighte/dubáilte/fotheidealaithe | 3,616 | 9% | 3,919 | 11% |
| Costais na foirne léiriúcháin (tuarastail san áireamh) | 2,163 | 6% | 1,926 | 5% |
| **Costais Iomlána Léiriúcháin Ábhar Gaeilge** | **31,133** | **80%** | **28,735** | **78%** |

** áirítear leis seo €2m de mhaoiniú caipitil a úsáideadh do chláracha (€1m sa bhliain 2020)*
*** is é seo an caiteachas iarbhír a tabhaíodh ar na costais seo in 2021*



*Ómós ag lucht na n-ealaíon don chara sa chúirt is dílse riamh ag ealaíontóirí ag bord rialtais. Meabhraíodh dúinn gurbh é an scoláire agus file ón nGaillimh an chéad Aire Rialtais do na healaíona. Beidh cuimhne go deo air i measc na nGael mar an tAire a thug tionscnamh uaillmhianach na teilifíse Gaeilge ar an bport.*

Breandán M. Mac Gearailt, 22/4/21

*Tolu Makay,* ***Ómós Michael D @ 80*** léirithe ag Aniar TV

*Grianghraf: Donal Glackin*

# Ráitis Airgeadais

*Clár*


| | |
|---|---|
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird | 30 |
| Ráiteas um Rialú Inmheánach | 31 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais | 33 |
| Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 35 |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | 36 |
| Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid | 37 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 38-46 |

# Ráitis Airgeadais

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021**

Leis an Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, ar ráitis iad ina dtugtar léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí Theilifís na Gaeilge agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain lena mbaineann.

Le linn na ráitis sin a ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach ina dhiaidh sin
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus críonna a dhéanamh
- Nochtadh a dhéanamh, agus míniú a thabhairt, i leith aon uaire nach ndéantar de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é nach oiriúnach glacadh leis go leanfaidh Teilifís na Gaeilge de bheith ar marthain.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn, aon tráth áirithe, staid airgeadais Theilifís na Gaeilge agus trína gcumasaítear don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais forálacha an Achta agus na Prionsabail Chuntasaíochta a nGlactar leo i gcoitinne Éirinn.

Ina theannta sin, tá an Bord freagrach as sócmhainní Theilifís na Gaeilge a choimirciú agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Coimeádtar leabhair chuntais an Bhoird in Oifigí Theilifís na Gaeilge, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:



Bríd Ní Fhachtna
Cathaoirleach Gníomhach
Bord TG4

1 Meitheamh 2022

# Ráitis Airgeadais

## Ráiteas um Rialú Inmheánach

**Scóp Freagrachtaí**

Admhaím, thar ceann TG4, freagracht an Bhoird as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtúil maidir leis an rialáil inmheánach ar bun agus á chur i bhfeidhm. Tagann san áireamh leis an bhfreagracht sin gach a n-éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

**An Chuspóir atá leis an gCóras Rialála Inmheánach**

Tá leagtha amach go ndéanfaí bainistíocht i ndáil le hábhar baoil leis an gcóras rialála inmheánach a d'fhágfadh an baol ar leibhéal inseasta seachas a bheith in ann a chur ar neamhní ar fad. Is deimhniú réasúnach dá bhrí sin, seachas deimhniú iomlán, is féidir a thabhairt leis an gcóras go ndéantar na sócmhainní a chaomhnú, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus tuairisc chuí a choimeád orthu agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó a thabhairt chun aire go tráthúil.

Bhí an córas rialála inmheánach, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar bun ag TG4 i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus anall go dtí an dáta ar aontaíodh na ráitis airgeadais.

**Ábaltacht Riosca a láimhseáil**

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag TG4 a bhfuil triúr de chomhaltaí an Bhoird a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí airgeadais agus iniúchóireachta. Tá duine den triúr ina Chathaoirleach. Bhí ceithre cinn de chruinnithe ag an gCoiste sin i rith na bliana 2021.

Tá feidhm maidir le hiniúchóireacht inmheánach curtha ar bun freisin ag TG4 agus acmhainní leordhóthanacha á gcur ina leith ionas go ndéantar clár oibre a aontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá polasaí maidir leis an mbainistíocht ar ábhar baoil curtha le chéile ag an gCoiste ina leagtar amach an oiread baoil a bhfuiltear sásta dul ann, na próisis bainistíochta maidir le réimsí baoil atá curtha ar bun agus mioneolas faoin ról atá le baill éagsúla foirne maidir le hábhar baoil agus an fhreagracht atá orthu ina leith. Cuireadh an polasaí sin ar fáil don uile dhuine den fhoireann a n-éilítear orthu oibriú de réir pholasaithe bainistíochta TG4 i ndáil le hábhar baoil d'fhonn an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall faoi réimsí baoil a bheadh ag teacht chun cinn agus faoi aon easnamh maidir le bearta rialála agus ionas go nglacfaidís cúram maidir leis an ábhar baoil agus na bearta rialála a bhaineann lena réimse oibre féin.

**Creatlach Riosca agus Rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag TG4 lena dtugtar chun aire na príomhréimsí baoil ionas go dtugtar tuairisc orthu sin agus ar na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun teacht rompu agus, a oiread agus is féidir, an baol a mhaolú.

Tá clár réimsí baoil curtha ar bun ar a sonraítear na príomhréimsí baoil atá roimh TG4 agus déantar iad a shonrú, a mheas agus a rangú de réir a thormchúisí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca breithniú agus leasú bliantúil ar an gclár. Baintear úsáid as toradh na measúnóireachta sin ar mhaithe le pleanáil agus chun acmhainní a leithroinnt sa chaoi is go gcinntítear bainistíocht á déanamh i ndáil le réimsí baoil ionas go bhfágtar an baol ar leibhéal inghlactha.

Tugtar mioneolas sa chlár réimsí baoil ar na bearta rialála agus na gníomhartha eile is gá chun ábhar baoil a mhaolú agus luaitear an dualgas maidir leis na bearta rialála a dhéanamh le daoine sonracha den lucht foirne. Deimhním go bhfuil córas rialála ar bun ar gnéithe dá chuid iad seo a leanas:

- tá tuairisc i scríbhinn ar an nós imeachta maidir le gach ceann de na príomhphróisis gnó,
- tá cúraimí sonracha, agus an fhreagracht dá réir, maidir le cúrsaí airgeadais curtha i leith dhaoine faoi leith ar leibhéal na bainistíochta,
- tá córas cuí buiséid ar bun lena mbaineann buiséad bliantúil a choinníonn daoine sinsearacha den lucht bainistíochta faoi athbhreithniú,
- tá córais ar bun a bhfuil d'aidhm leo iontaofacht na gcóras maidir le teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a chinntiú,
- tá córais ar bun chun na sócmhainní a chaomhnú

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nós imeachta foirmeálta curtha ar bun maidir le monatóireacht a dhéanamh ar na próisis rialála agus cuirtear aon easnamh maidir le cúrsaí rialála in iúl don té atá freagrach as beart bisigh ina leith agus go luath-thráthúil don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí sin. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas ar bun:

- tá na príomhréimsí baoil agus na bearta rialála ina leith sin tugtha chun suntais agus próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na mbeart rialála sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnamh a thugtar chun aire,
- tá socruithe tuairiscíochta curtha ar bun ar gach leibhéal ar a leagtar cúram maidir le bainistíocht airgeadais, agus
- déanann daoine sinsearacha den lucht bainistíochta athbhreithniú go tráthrialta chomh maith le hathbhreithniú ceann bliana ar thuairiscí feidhmíochta agus ar thuairiscí airgeadais maidir le toradh na beartaíochta i gcomórtas le buiséid/réamhmheastacháin.

**Soláthar**

Deimhním go bhfuil nós imeachta ar bun ag TG4 ionas go gcinntítear go mbítear ag cloí leis na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le cúrsaí soláthair. Déantar tagairt de ábhara tháinig chun cinn san alt faoi Bearta Rialacha Inmheánach thíos..

**Covid-19**

Lean an ráig Covid-19 sa bhliain 2021, le líon suntasach ionfhabhtuithe. Bhí tionchar ag bearta a rinne an Rialtas chun an víreas a cheansú, ar ghníomhaíochtaí i TG4. Cuireadh moill ar chláracha a bhí i mbun léiriúcháin, chomh maith le Spórt Beo. Tá céimeanna tógtha an an mBord chun TG4 a chosaint agus chun cinntiú go leanfaidh an stáisiún ag feidhmiú ar an mbealach is éifeachtaí agus is sábháilte.

**Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht**

Deimhním go bhfuil nós imeachta ar bun ag TG4 chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an nós imeachta maidir le bainistíocht agus rialáil i ndáil le hábhar baoil. Tagann monatóireacht agus breithneoireacht TG4 ar éifeachtúlacht an chórais maidir leis an rialáil airgeadais inmheánach faoi anáil obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na n-iniúchóirí seachtracha, faoi scáth an Choiste Iniúchóireachta & Riosca agus Ábhar Baoil a dhéanann maoirseacht ar an obair sin, agus faoi choimirce dhaoine

sinsearacha den lucht bainistíochta taobh istigh de TG4 atá freagrach as an gcreatchóras maidir leis an rialáil airgeadais inmheánach a thabhairt chun cinn agus a choinneáil sa siúl.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil maidir leis an éifeachtúlacht a ghabh leis na bearta rialála inmheánacha i ndáil leis an mbliain 2021 ar an 13 Nollaig 2021.

**Bearta Rialála Inmheánacha**

I mí na Nollag 2021, thug TG4 comhaontú i gcrích maidir le cláir mhalartacha le soláthraí seirbhíse mar mhalairt ar ábhar a coimisiúnaíodh in 2020 ach nach féidir a léiriú a thuilleadh. Mar chuid den chomhaontú, fuair TG4 cartlann d'ábhar clár dar luach €118,000, cainéal meán sóisialta arbh fhiú €10,000 é agus ábhar brandála arbh fhiú €10,000 é. Rinne TG4 mionanailís costais is tairbhe agus ag cur san áireamh gach costas gaolmhar féideartha agus riosca dlíthíochta, déanadh an cinneadh nach raibh sé cuí do chomhlacht poiblí dul sa tóir ar an iarmhéid de €27,000.

Mar a tugadh faoi deara in 2020, in 2019, bhí buiséadú agus pleanáil déanta ag TG4 d'uasghrádú bogearraí. In 2020, áfach, ba léir nach raibh an t-uasghrádú a bhí pleanáilte ar an gcóras criticiúil indéanta a thuilleadh agus mar gheall ar an bhfráma ama, srianta COVID-19, costais agus riosca don chraoladh a bhí i gceist, roghnaíodh soláthróir a measadh gur iad is fearr, le taithí ábhartha a fuarthas ó rannpháirtíocht roimhe seo le TG4, chun na hearraí agus na seirbhísí riachtanacha a sholáthar do TG4. Is é luach iomlán an chonartha ná €911k agus é le n-íoc thar thréimhse trí bliana ag tosú in 2020. Pléadh agus faomhadh an cinneadh seo ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí agus an bhoird in 2020 toisc nár chomhlíon na nósanna imeachta a úsáideadh na treoirlínte soláthair. Le linn 2021, tabhaíodh caiteachas de €510k maidir leis an gconradh seo.

Bríd Ní Fhachtna
Cathaoirleach Gníomhach

1 Meitheamh 2022

# Ráitis Airgeadais

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena Tíolacadh do Thithe an Oireachtais

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020**

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Teilifís na Gaeilge

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 109 den Acht Craolacháin 2009. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Theilifís na Gaeilge amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain 2021 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

#### *An bonn atá leis an tuairim*

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnaisúnta d'Ard-Institiúidí Iniúchóireachta. Déantar cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ar Theilifís na Gaeilge agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir *Chód Eitice na hEagraíochta Idirnáisiúnta d'Ard-Institiúidí Iniúchóireachta.*

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim.

#### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis ar leith eile curtha i láthair ag Teilifís na Gaeilge in éineacht leis na ráitis airgeadais. Tá an fhaisnéis sin comhdhéanta den tuarascáil bhliantúil, san aireamh an ráiteas faoi chúrsaí rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas um rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i leith faisnéis den chineál sin agus ar ábhair ar leith eile lena dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam i leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**9 Meitheamh 2022**

# Ráitis Airgeadais

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena Tíolacadh do Thithe an Oireachtais

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 (ar lean)**

### Aguisín don tuarascáil

#### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar atá leagtar amach sa ráiteas faoi chursaí rialachas agus tuarascáil comhaltaí an Bhoird na freagrachtaí atá ar chomhaltaí an Bhoird. Tá an Bord freagrach as

- na ráitis airgeadais bhliantúil a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009
- a chinntiú go dtugann na ráitis léargas fíor agus cothrom de réir CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cibé an bhfuil úsáid as an mbonn cuntasaíochta gnóthas leantach oiriúnach, agus
- rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

#### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009 ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu chuig Tithe an Oireachtais.

An cuspóir atá agam le linn an iniúchta ná teacht ar dhearbhú réasúnach cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a sheoltar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Is mé á dhéanamh sin,

- aithním na rioscaí atá ann i leith míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid agus déanaim measúnú orthu; leagaim amach nósanna imeachta iniúchta mar fhreagra ar na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus tagaim ar fhianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le gan míráiteas ábhartha ó chalaois a bhrath níos airde ná ó earráid mar go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá ábhartha sna cúinsí atá i gceist, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar ábharthacht na mbeartas cuntasaíochta agus a réasúnach is atá meastacháin chuntasaíochta agus nochtuithe bainteacha.
- Socraím chomh oiriúnach is atá sé úsáid a bhaint as an mbonn cuntasaíochta gnóthas leantach agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a dtagaim air, cibé an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a chaithfeadh amhras suntasach ar chumas Theilifís na Gaeilge leanúint mar ghnóthas leantach. Má shocraím go bhfuil mhíchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtuithe den chineál sin neamhleordhóthanach, mo thuairim a leasú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a dtángthas uirthi go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí amach anseo stop a chur ar Theilifís na Gaeilge leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar an gcur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais tríd is tríd lena n-áirítear na nochtuithe agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann léiriú cóir.

Chomh maith le nithe eile, cuirim scóip agus am an iniúchta in iúl dóibhsean atá freagrach as rialachas chomh maith le torthaí suntasacha iniúchta lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa chóras rialaithe inmheánaigh a aithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht, más é mo thuairim,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- cibé an raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun iniúchadh ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair in éineacht leis na ráitis sin agus ní thugaim aon dearbhú ar aon bhealach ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó más léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist sa bhfaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

#### Tuairisc ar nithe eile

Tugadh faoin iniúchadh de réir breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tuairiscím má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thug m'iniúchadh aird ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

# Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge
**Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021**

| | Nótaí | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Díolacháin** | | | |
| Ioncam tráchtála | 3 | 5,203 | 4,230 |
| Costas díolacháin | 3 | (1,137) | ( 1,002) |
| **Glan Díolacháin** | | 4,066 | 3,228 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | 4 | 6,365 | 5,784 |
| Speansais agus táillí chomhaltaí an Bhoird | 5 | 142 | 135 |
| Caiteachas clár | 6 | 27,879 | 27,070 |
| Costais tarchuir | | 1,422 | 1,433 |
| Margaíocht agus taighde | 7 | 2,031 | 2,045 |
| Forchostais | 8 | 2,293 | 2,436 |
| Dímheas | 9 | 2,325 | 2,602 |
| **Caiteachas Iomlán** | | 42,457 | 41,505 |
| **Glan chaiteachas oibriúcháin don bhliain** | | (38,391) | ( 38,277) |
| Barrachas/(easnamh) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | 0 | 0 |
| | | (38,391) | ( 38,277) |
| Cistíocht stáit | 13 | 38,389 | 38,291 |
| **Barrachas/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas** | | (2) | 14 |
| Cánachas | 14 | **(17)** | **(14)** |
| **Barrachas/(easnamh) coinnithe don bhliain airgeadais** | | **(19)** | **0** |

**Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 – 30**

Ní raibh aon brabús ná caillteanas sa bhliain seachas mar a tuairiscíodh ins an I&C.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

**Bríd Ní Fhachtna**
Cathaoirleach Gníomhach

**Alan Esslemont**
Ard-Stiúrthóir

1 Meitheamh 2022

# Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge
**Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021**

| | Nótaí | €'000 | 2021 €'000 | €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | **9** | | 6,227 | | 6,479 |
| Sócmhainní seasta doláimhsithe | **11** | | 1,562 | | 1,606 |
| | | | 7,789 | | 8,085 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infháltais | **15** | 2,199 | | 2,176 | |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | **16** | 1,154 | | 691 | |
| Réamhíocaíochtaí Cláir | **17** | 8,009 | | 5,210 | |
| | | 11,362 | | 8,077 | |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Iníocaíochtaí | **18** | (3,881) | | ( 3,358) | |
| **Glan Sócmhainní Reatha** | | | 7,481 | | 4,719 |
| **Glan Sócmhainní** | | | **15,270** | | **12,804** |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | | |
| Deontais chaipitil | **10** | | 6,120 | | 6,390 |
| Deontais reatha iarchurtha | **12** | | 9,570 | | 6,815 |
| Cúlchistí ioncaim | **19** | | (420) | | ( 401) |
| | | | **15,270** | | **12,804** |

**Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 – 30.**

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

**Bríd Ní Fhachtna**
Cathaoirleach Gníomhach

**Alan Esslemont**
Ard-Stiúrthóir

1 Meitheamh 2022

# Ráitis Airgeadais

| Teilifís na Gaeilge<br>**Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021** | | | |
|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | **2021<br>€'000** | **2020<br>€'000** |
| Barrachas/(easnamh) roimh cháin i leith gnáthghníomhaíochtaí | | (2) | 14 |
| Dímheas | | 2,325 | 2,602 |
| Amúchadh ar chostais clár | | 25,406 | 24,513 |
| Amúchadh ar dheontais rialtais | | (4,270) | (3,506) |
| Amúchadh ar dheontais leithroinnte do chostais clár | | (25,406) | (24,513) |
| (Ardú)/Laghdú ar Infháltais | | (19) | 338 |
| (Ardú)/Laghdú ar Réamhíocaíochtaí Cláir | | (2,799) | (1,825) |
| Ardú/(Laghdú) in Iníocaíochtaí | | 526 | 66 |
| Cánachas Íoctha | | (23) | (10) |
| Ús faighte | | – | – |
| **Airgead tirim ó oibriúcháin** | | **(4,262)** | **(2,321)** |
| Ús a íocadh | | – | – |
| **Glan-airgead tirim a gineadh ó ghníomhaíochtaí** | | **(4,262)** | **(2,321)** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimsithe a ceannaíodh | **9** | (2,073) | (2,122) |
| Cláir coimisiúnaithe agus cláir a ceannaíodh | **11** | (25,362) | (24,150) |
| Barrachas/(easnamh) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | (0) | (0) |
| Deontais caipitil Stáit | **13** | 4,000 | 3,000 |
| Deontais a fuarthas agus leithroinnte do shócmhainní cláir | | 28,160 | 25,974 |
| **Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **4,725** | **2,702** |
| | | | |
| **Glanmhéadú/(laghdú) in airgead tirim agus comhluach in airgead tirim** | **20** | **463** | **381** |

**Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 – 30.**

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

**Bríd Ní Fhachtna**
Cathaoirleach Gníomhach

**Alan Esslemont**
Ard-Stiúrthóir

1 Meitheamh 2022

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

1. **BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhréireach le linn déileáil le hítimí a mheastar a bheith ábhartha i dtaca leis na ráitis airgeadais.

a) **Bunú Theilifís na Gaeilge**

Is é Teilifís na Gaeilge an craoltóir Gaeilge a bunaíodh faoi Reacht agus atá ag feidhmiú anois faoin Acht Craolacháin 2009.

b) **Ráiteas Comhlíontachta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscíochta airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

c) **Bunús an réamh-mheasa agus breithiúnais shuntasacha chuntasaíochta agus na príomhchúiseanna atá le neamhchinnteacht meastachán**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in euro, slánaithe go dtí an míle is gaire (€000), arb é airgeadra feidhmiúil Teilifís na Gaeilge é.

D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana.

Is é nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin.

d) **Aithint Ioncaim**

*Ioncam tráchtála:*

Is ionann ioncam tráchtála agus ioncam ó dhíolacháin ama craolta, ó urraíocht agus ó ghníomhaíochtaí foghabhálacha. Déantar díolacháin a thaispeántar glan ar CBL a aithint sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

Tagann díolacháin as idirbhearta babhtála chun cinn nuair a dhéantar seirbhísí ama craolta a mhalartú ar sheirbhísí neamhionanna agus nuair a mheastar go bhfuil substaint tráchtála san idirbheart. Tomhaistear idirbhearta den sórt seo ag luach cóir na seirbhísí a fhaightear, arna gcoigeartú de réir aon mhéideanna airgid agus coibhéisí airgid a aistrítear.

Déantar coimisiún maidir leis na díolacháin sin a mhuirearú sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a thabhaítear é.

e) **Caiteachas**

Cuimsíonn caiteachas, caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitiúil.

Cuimsíonn glanchaiteachas oibriúcháin caiteachas ar chláir agus caiteachais riaracháin, glan ar ioncam tráchtála.

Déantar caiteachas ar chláir a mhuirearú sa Ráiteas maidir le hIoncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir Nóta 1(L).

f) **Deontais Stáit**

I bhfoirm deontais a fhaightear ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meáin, agus deontais a fhaightear ó ham go chéile do thionscadail sonracha ó Údarás Craolacháin na hÉireann faoi chlár Fís agus Fuaime an Údaráis a dhéantar maoiniú ar ghlan-chaiteachas oibríochta Theilifís na Gaeilge.

Aithnítear deontais faoin modh fabhraithe. Déantar an chuid den deontas a bhaineann le Sócmhainní Seasta Doláimhsithe — Clár Caipitilithe agus Réamhíocaíochtaí Cláir a iarchuir agus aithint san Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a amúchta na speansais.

I bhfoirm deontais a fhaightear ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meáin agus deontais a fhaightear ó am go chéile do thionscadail shonracha ó Údarás Craolacháin na hÉireann faoi chlár Fís agus Fuaim an Údaráis a dhéantar maoiniú ar chaiteachas caipitil. Déantar amúchadh ar na deontais sin ar an mbonn céanna le dímheas a dhéanamh ar luach na sócmhainní bainteacha.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

g) **Sócmhainní seasta inláimhsithe**
Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thaispeáint de réir costais lúide dímheas agus aon soláthar i leith lagaithe.

Déantar dímheas a sholáthar ar gach sócmhainn seasta inláimhsithe, cé is moite de thalamh, de réir rátaí a ríomhtar chun costas bunaidh gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne dírí thar a saolré ionchasach, lúide luach iarmharach measta, mar a leanas;

| | % |
|---|---|
| Talamh agus Foirgnimh | 2.5 |
| Trealamh | 20 |
| Fearais agus Feistis | 10 |
| Gléasanna Móibíleacha | 33 |

Déantar dímheas a sholáthar ar gach sócmhainn seasta inláimhsithe, cé is moite de thalamh, de réir rátaí a ríomhtar chun costas bunaidh gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne dírí thar a saolré ionchasach, lúide luach iarmharach measta, mar a leanas;

Déantar costais forbartha bogearraí, lena n-áirítear pá, costais bhogearraí ar mhórchórais chun ábhar a scaipeadh, tairsí, aipeanna fóin agus arailea chaipitliú agus
a dhímheas i gcomhréir leis an gcostas trealaimh gaolmhar ón dáta a gcuirtear i bhfeidhm iad nó thar shaolré úsáideach ionchais na gcostas caipitlithe. Bíonn na rátaí sin idir 33% agus 100%.

h) **Sócmhainní airgeadais — infheistíocht i Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited**
Déanann Teilifís na Gaeilge cuntas i leith a infheistíochta in Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited a thabhairt de réir costais (féach nóta 24). Folaíonn Sócmhainní Seasta suim €1 i leith a hinfheistíochta i ngnáthscaireanna na cuideachta sin.  Bunaíodh an chuideachta mar eagraíocht neamhbhrabúsmhar agus déanann RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe na costais ina leith a mhaoiniú. Mar thoradh air sin, ní thaispeánann ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge aon ioncam, chostais nó aon tiomántais i leith an chomhfhiontair sin.

i) **Cánachas**
Déantar cáin chorparáide atá iníoctha a sholáthar ar bhrabúis inchánach de réir rátaí reatha.

Tugtar aitheantas do cháin iarchurtha i leith na ndifríochtaí uainithe go léir atá tionscanta, gan a bheith freaschurtha, ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais i gcás ina bhfuil idirbhearta nó imeachtaí, atá ina gcúis le hoibleagáid chun tuilleadh cánach a íoc sa todhchaí nó ina gcúis le ceart chun níos lú cánach a íoc sa todhchaí, tar éis tarlú ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Is difríochtaí sealadacha iad difríochtaí ama idir barrachas a ríomhtar chun críocha cánach agus barrachas a luaitear sna ráitis airgeadais ar barrachais iad a éiríonn toisc go ndéileáiltear le hítimí áirithe ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais i mblianta éagsúla chun críocha cánach.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas de réir na rátaí cánach a meastar ina leith go mbeidh siad i bhfeidhm sna blianta ina meastar go n-aisiompóidh na difríochtaí ama agus an méid sin bunaithe ar rátaí cánach agus ar dhlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoi dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Ní lascainítear cáin iarchurtha.

j) **Airgeadra coigríche**
Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar lá na n-idirbheart.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir an ráta malairte atá ann ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus déantar aon gnóthachain nó aon chaillteanais dá bharr sin a chur san áireamh sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain.

k) **Pinsin**
Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe.  Coinnítear sócmhainní na scéime ar leithligh ó chuid an chomhlachta. Déantar ranníocaíochtaí bliantúla chuig an scéim sin a chur chun dochair sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas sa bhliain lena mbaineann siad.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

l) **Sócmhainní Seasta Doláimhsithe**

Déantar na costais a bhaineann le Cláir Choimisiúnaithe agus na costais a bhaineann le Cláir Ceannacháin a chaipitliú mar shócmhainní seasta doláimhsithe sna ráitis airgeadais. Is éard atá i gceist le Cláir Choimisiúnaithe ná cláir atá coimisiúnaithe ag Teilifís na Gaeilge ó léiritheoirí neamhspleácha agus tá siad bunaithe ar phraghas iomlán an chonartha.

Déantar costas an Chláir Choimisiúnaithe a amúchadh bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Cláir Choimisiúnaithe Ardluacha: | 70% sa bhliain ar craoltar ar dtús é<br>20% sa bhliain i ndiaidh é a chraoladh ar dtús<br>10% sa dara bliain i ndiaidh na bliana ar craoladh ar dtús é |
| Cláir choimisiúnaithe eile agus cláir spóirt atá beo: | 100% sa bhliain ina bhfuil na cearta nó ina ndéantar na himeachtaí spóirt a chraoladh ar dtús. |

Is éard is cláir faighte ann ná cláir a cheannaigh Teilifís na Gaeilge ó stiúideónna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Déantar iad sin a chur chun dochair sa ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Cláir Faighte: | 90% sa bhliain a chraoltar ar dtús é<br>10% sa bhliain i ndiaidh é a chraoladh ar dtús |

Ní dhéantar cláir Choimisiúnaithe & Faighte a chaipitliú go dtí go mbeidh an clár ar fáil lena chraoladh.

m) **Réamhíocaíochtaí Cláir**

Déantar aon suimeanna a íoctar sula mbeidh clár ar fáil lena chraoladh a aithint mar réamhíocaíochtaí.

n) **Breithiúnais shuntasacha chuntasaíochta agus na príomhchúiseanna atá le neamhchinnteacht meastachán**

**Lagú Sócmhainní Seasta Inláimhsithe:** Déantar athbhreithniú i leith lagú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta cibé uair a thugann imeachtaí nó athrú ar imthosca le fios go mb'fhéidir nach bhfuil an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas i leith lagú mar an difear idir an tsuim ghlanluacha sa bhreis ar an tsuim inaisghabhála. Is í an tsuim inaisghabhála an luach cóir is airde ag sócmhainn lúide costas a díola agus a luach úsáide. Chun críocha lagú a mheas déantar acmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle ina bhfuil sreabhadh airgid inaitheanta ar leith ann dóibh (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar gach sócmhainn neamh-airgeadais ar bhain lagú di ar dháta na tuairiscithe féachaint an lagú a aisiompú.

**Dímheas agus Luachanna Iarmharacha:** Tá athbhreithniú déanta ag an mbainistíocht ar shaolré agus ar luachanna iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta agus go háirithe saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha daingneán agus feistí agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

**Neamhchosaint ar Airgeadra Coigríche:** Téann Teilifís na Gaeilge i mbun socruithe conartha chun soláthróirí a íoc in airgeadra nach é airgeadra an euro é. Coinníonn Teilifís na Gaeilge cuntas ar na hidirbheartaíochtaí seo de ghnáth de réir na rátaí airgeadra infheidhme ar dháta na híocaíochta. Téitear i mbun réamhchonarthaí mar chosaint ar luaineachtaí airgeadra. Bíonn na cúiseanna a rachfar i mbun conarthaí dá leithéid bunaithe ar na meastacháin is fearr ar rátaí malairte amach anseo agus ar chomhairle ghairmiúil a fháil.

**Sócmhainní Seasta Doláimhsithe:** Mar atá leagtha amach i mbeartas L déanann Teilifís na Gaeilge costas an chláir choimisiúnaithe a amúchadh bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar an chlár. Tá meastacháin den sórt sin bunaithe ar na meastacháin is fearr ón mbainistíocht.

2. **Príomhghníomhaíocht**

Is é príomhghníomhaíocht Theilifís na Gaeilge cainéal teilifíse Gaeilge, TG4 a fheidhmiú.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**3. Glandíolacháin**

| **Ioncam Tráchtála** | **2021 €'000** | **2020 €'000** |
|---|---|---|
| Díolachán am craolta agus urraíocht | 3,385 | 2,888 |
| Muirear amach saoráidí | 442 | 591 |
| Ioncam ilghnéitheach | 1,376 | 751 |
| | 5,203 | 4,230 |
| **Costas Díolacháin** | | |
| Coimisiún ar dhíolachán fógraíochta agus urraíochta | 907 | 821 |
| Costais dhíreacha | 230 | 181 |
| | 1,137 | 1,002 |
| Glandíolacháin | 4,066 | 3,228 |

**4. Costais Foirne**

| Ba 96 duine an meán uimhir fostaithe a bhí fostaithe ag Teilifís na Gaeilge le linn na bliana (2020: 92). Bhí costais fostaithe le linn na bliana comhdhéanta: | **2021 €'000** | **2020 €'000** |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 5,769 | 5,422 |
| Costais leasa shóisialaigh | 663 | 610 |
| Costais phinsin | 636 | 578 |
| Taisteal agus cothabháil | 43 | 57 |
| Oiliúint | 141 | 75 |
| Costais eile foirne | 64 | 58 |
| | 7,316 | 6,800 |
| Costais foirne caipitlithe | (897) | ( 936) |
| Costas foirne leithdháilte go dtí an tionscadal cartlainne | (54) | ( 80) |
| Iomlán na gcostas foirne | 6,365 | 5,784 |

Faoi Chiorclán 13/2014 arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, éilítear an líon fostaithe ar tháinig a sochar iomlán fostaíochta (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe faoi gach banda de €10,000, ó €60,000 ar aghaidh a nochtadh, chomh maith le figúir foriomlán de na ranníocaíochtaí iomlána pinsin fostóra. Mar aitheantas ar thionchair um chosaint sonraí nó rioscaí eile, ag glacadh san áireamh go bhfuil Teilifís na Gaeilge ag feidhmiú i dtimpeallacht tráchtála thar a bheith iomaíoch, agus le cead na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meáin, déanfar na bandaí tuarastail a nochtadh i ráiteas bliantúiil an Chathaoirligh chuig an Aire.

| **Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra – Alan Esslemont** | **2021 €'000** | **2020 €'000** |
|---|---|---|
| Bunthuarastal | 140 | 140 |
| Ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra | 21 | 21 |
| | 161 | 161 |

Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de scéim ranníocaíocht shainithe Teilifís na Gaeilge agus tugann Teilifís na Gaeilge 15.29% de thuarastal an Ard-Stiúrthóra don scéim ar a shon.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**5. Costais an Bhoird**

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí chomhaltaí an Bhoird (Nóta 22) | 135 | 127 |
| Taisteal agus cothabháil agus speansais eile | 7 | 8 |
| | 142 | 135 |

Cúitítear costais cothabhála agus taistil le baill an bhoird. €0 an cháin atá iníoctha ag Teilifís na Gaeilge maidir le costais dá leithéid (2020: €566)

**6. Costais Clár**

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Cláir choimisiúnaithe cláraithe agus amúchta sa tréimhse | 22,540 | 21,302 |
| Cláir ceannacháin cláraithe agus amúchta sa tréimhse | 2,865 | 3,212 |
| Costais dubála agus costais eile | 2,474 | 2,556 |
| | 27,879 | 27,070 |

**7. Margaíocht agus Taighde**

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Fógraíocht agus margaíocht | 1,814 | 1,801 |
| Tomhais agus taighde ar an lucht féachana | 216 | 247 |
| Speansais comhairle an lucht féachana | 1 | (3) |
| | 2,031 | 2,045 |

**8. Forchostais**

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Speansais áitrimh agus trealaimh | 806 | 867 |
| Speansais ghairmiúla agus airgeadais | 369 | 419 |
| Tobhach tionscail íoctha | 721 | 637 |
| Speansais ghinearálta agus oifige | 397 | 513 |
| | 2,293 | 2,436 |

**9. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

| | Talamh agus Foirgnimh | Trealamh agus Gléasanna Móibíleacha | Fearais agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ar 1 Eanáir 2021 | 8,582 | 8,722 | 589 | 17,893 |
| Breisithe | 10 | 2,061 | 2 | 2,073 |
| Diúscairt | 0 | (1,092) | 0 | (1,092) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2021** | **8,592** | **9,691** | **591** | **18,874** |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2021 | 4,215 | 7,000 | 199 | 11,414 |
| Muirear don bhliain | 216 | 2,073 | 36 | 2,325 |
| Diúscairt | 0 | (1,092) | 0 | (1,092) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2021** | **4,431** | **7,981** | **235** | **12,647** |
| **Glanluach Leabhair** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2021** | **4,161** | **1,710** | **356** | **6,227** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2020** | **4,367** | **1,722** | **390** | **6,479** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**10. Deontais Chaipitil**

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Deontais chaipitil — faighte agus infhaighte** | | |
| Iarmhéid Tosaigh | 31,999 | 28,999 |
| Deontais a fuarthas le linn na bliana **(Nóta 13)** | 4,000 | 3,000 |
| Iarmhéid Deiridh | 35,999 | 31,999 |
| **Amúchadh** | | |
| Iarmhéid Tosaigh | 25,609 | 22,103 |
| Amúchta le linn na bliana | 4,270 | 3,506 |
| Iarmhéid Deiridh | 29,879 | 25,609 |
| **Glanluach leabhair — deontais chaipitil** | **6,120** | **6,390** |

Léiríonn deontais chaipitil an maoiniú stáit a fuarthas i ndáil le caiteachas caipitil a thabhaigh Teilifís na Gaeilge. Amúchtar deontais chaipitil ar an mbonn céanna a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

**11. Sócmhainní Seasta Doláimhsithe**

| | Coimisiúnaithe Cláir €'000 | Ceannachán Cláir €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Ar 1 Eanáir 2021 | 100,816 | 13,818 | 114,634 |
| Breisithe | 22,505 | 2,857 | 25,362 |
| Diúscairt | (17,684) | (2,078) | (19,762) |
| **Ar 31 Nollaig 2021** | **105,637** | **14,597** | **120,234** |
| **Amúchadh Carntha** | | | |
| Ar 1 Eanáir 2021 | 99,432 | 13,596 | 113,028 |
| Amúchta sa bhliain | 22,541 | 2,865 | 25,406 |
| Diúscairt | (17,684) | (2,078) | (19,762) |
| **Ar 31 Nollaig 2021** | **104,289** | **14,383** | **118,672** |
| **Glanluach leabhair** | | | |
| **Ar 31 Nollaig 2021** | **1,348** | **214** | **1,562** |
| **Ar 31 Nollaig 2020** | **1,384** | **222** | **1,606** |

**12. Deontais reatha iarchurtha**

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Deontais Iarchurtha amhail an 1 Eanáir** | 6,815 | 5,355 |
| Deontais reatha — faighte sa bhliain **(Nóta 13)** | 36,874 | 36,245 |
| Deontais a úsáideadh sa bhliain | (34,119) | (34,785) |
| **Deontais Iarchurtha amhail an 31 Nollaig** | 9,570 | 6,815 |

**13. Maoiniú Stáit**

Is ionann deontais ón Roinn Turasóireachta, Cultiúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meáin agus maoiniú Rialtais a fhaightear i leith caiteachas reatha a thabhaíonn Teilifís na Gaeilge.

**Maoiniú stáit curtha chun sochair an Chuntais Ioncaim & Caiteachais sa bhliain**

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Deontas a úsáideadh sa bhliain **(Nóta 12)** | 34,119 | 34,785 |
| Deontas caipitil amúchta **(Nóta 10)** | 4,270 | 3,506 |
| | 38,389 | 38,291 |

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Ba é an leithroinnt iomlán don bhliain 2021 ná €40.874m a bhí comhdhéanta de: | | |
| Deontais a fuarthas ón RTCEGSM i ndáil le caiteachas reatha (Vóta 33 — Fo-Cheannteideal B5) | 36,733 | 36,133 |
| Deontais a fuarthas ón BAI i ndáil le thionscadal cartlainne | 141 | 112 |
| Deontais a ndearnadh iarratas orthu chun críocha caipitil ón RTCEGSM (Vóta 33 — Fo-Cheannteideal B5) | 4,000 | 3,000 |
| Iomlán a Fuarthas | 40,874 | 39,245 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**14. Cáin ar Bharrachas ó Ghnáthghníomhaíochtaí**

(a) *Anailís ar mhuirear cánach sa bhliain*

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Muirear cháin chorparáide don bhliain | 12 | 10 |
| Muirear cháin chorparáide don bhliain roimhe sin | 5 | 4 |
| Aisíoc ar an muirear Cánach Corparáide i mblianta roimhe sin | – | – |
| | 17 | 14 |

(b) *Fachtóirí le tionchar ar mhuirear cánach na bliana*
Tá an ráta éifeachtach cánach don bhliain níos airde ná ráta caighdeánach cháin chorparáideach na hÉireann de 12.5%. Tá na difríochtaí mínithe thíos:

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas | (2) | 14 |
| Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoi ráta caighdeánach cháin chorparáide na hÉireann de 12.5% (2020: 12.5%) | – | 2 |
| *Tionchair de:* | | |
| Ioncaim incháinithe ag ráta cánach níos airde | 16 | 8 |
| Barrachas na ndeontas caipitil a amúchtar agus liúntas chaipitiúla thar dímheas | – | – |
| Leithdháileadh ar chaillteanais na bliana reatha | (4) | – |
| | 12 | 10 |

**15. Infháltais**

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais | 1,604 | 1,016 |
| CBL inaisíoctha | 23 | 308 |
| Cáin corparáideach inaisíochta | 4 | – |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 568 | 852 |
| | 2,199 | 2,176 |

Meastar go bhfuil gach iarmhéid inaisghabhála laistigh de bhliain amháin

**16. Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh**

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Banc | 1,154 | 691 |
| | 1,154 | 691 |

San áireamh sa chuntas bainc tá €850,000 atá coinnithe ar iontaobhas ó Fís Éireann agus €280,000 atá coinnithe ar iontaobhas ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin i leith scéim "Samhlú na nÓg 2022". Tá na cistí seo le húsáid do thionscadal sonraithe atá le tosnú 2022.

**17. Réamhíocaíochtaí Cláir**

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Cláir Coimisiúnaithe | 7,634 | 4,719 |
| Cláir a ceannaíodh | 375 | 491 |
| | 8,009 | 5,210 |

**18. Iníocaíochtaí — dlite laistigh de bhliain amháin**

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna Iníoctha Trádála | 1,155 | 737 |
| Fabhruithe agus ioncam iarchurtha | 2,726 | 2,618 |
| Cáin corparáideach iníochta | – | 3 |
| | 3,881 | 3,358 |

**19. Cúlchistí**

| | Cúlchiste Ioncam €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2021 | (401) | (401) |
| Easnamh don Bhliain | (19) | 0 |
| Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig 2021 | (420) | (401) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**20. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí**

| | Iarmhéid Tosaigh €'000 | Sreabhadh Airgid €'000 | Iarmhéid Deiridh €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | – | – | – |
| Taiscí ghearrthéarmacha | 691 | 463 | 1,154 |
| | 691 | 463 | 1,154 |

**21. Pinsean**

D'fheidhmigh Teilifís na Gaeilge scéim ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe.
Maoinítear an scéim agus coinnítear sócmhainní ar leithligh ó shócmhainní Theilifís na Gaeilge.

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Tabhaíodh na costais phinsin seo a leanas le linn na bliana: | | |
| Scéim ranníocaíochtaí sainithe | 636 | 578 |
| | 636 | 578 |

**22. Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a Leasanna**

Tugtar thíos na Stiúrthóirí agus Rúnaí a d'fhóin i rith na bliana:

| Stiúrthóir/Rúnaí | Dátaí a ceapadh le linn na bliana (más ann) | Táillí 2021 €'000 | Táillí 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| Alan Esslemont (An tArd-Stiúrthóir) | | – | – |
| Siún Ní Raghallaigh (An Cathaoirleach) | | 21.6 | 21.7 |
| Des Geraghty | | 12.6 | 12.6 |
| Mairéad Ní Cheóinín | | 12.6 | 12.6 |
| Micheál Seoighe | | 12.6 | 12.6 |
| Michelle Ní Chróinín | | – | – |
| Diarmuid Ó Ruiséal (Éirithe as 02/03/2020) | | – | 3.0 |
| Bríd Ní Fhachtna | | 12.6 | 8.3 |
| Frank Reidy | | 12.6 | 9.8 |
| Mairéad Ní Nuadháin | | 12.6 | 12.6 |
| Siobhán Ní Ghadhra | | 12.6 | 12.6 |
| Darach Ó Tuairisg | | 12.6 | 12.6 |
| Séan Ó Domhnaill | | 12.6 | 8.2 |
| Lís Ní Dhálaigh (Rúnaí an Bhoird) | | – | – |
| | | 135.0 | 126.6 |

Costais €6,868 a bhain le baill an Bhoird i 2021, (2020: €8,295) le haghaidh: taisteal intíre €183 (2020: €1,899), cothabháil €52 (2020: €1,175) agus costaisí eile (rúnaíocht, siamsaíocht agus traenáil san áireamh) €6,633 (2020: €5,221).

Faoi réir na bhforálacha san Acht Craolacháin 2009, ghlac an Bord le nós imeachta maidir le nochtadh leasanna áirithe ag comhaltaí agus comhlíonadh an nós imeachta seo i rith na bliana.

**23. Áitreabh**

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge as áitreabh atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co na Gaillimhe.
Tá uinéireacht ag Teilifís na Gaeilge ar rúileas an áitreabh i mBaile na hAbhann.

**24. Sócmhainní airgeadais**

Is comhfhiontar neamhbhrabúis é Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited (MBSN) a bhunaigh Teilifís na Gaeilge agus RTÉ i nDeireadh Fómhair 2012. Bunaíodh an comhfiontar chun tarchur digiteach trastíre saor go haer i dTuaisceart Éireann a éascú maidir le Teilifís na Gaeilge, RTÉ1 agus RTÉ2. Trí gnáth-scair atá i scairchaipiteal na cuideachta, dhá cheann in úinéireacht RTÉ agus ceann in úinéireacht Teilifís na Gaeilge. Rinne MBSN comhaontú le RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe (DCMS) inar haontaíodh gur seasfaidh RTÉ (dhá dtrian) agus DCMS (aon trian) costais tarchuir MBSN. Maoinítear costais eile ar nós costais réamh-chorpraithe agus costais leanúnacha riaracháin de réir an choibhnis chéanna ag RTÉ agus DCMS.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**25. Tiomantais Chlár/Chearta Ceannacháin**

Tá tiomantais chlár/chearta ceannacháin ag Teilifís na Gaeilge mar seo leanas:

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Conraithe ach ní raibh soláthar déanta ina leith ag deireadh na bliana | 47,419 | 26,072 |

**26. Tiomantais**

Tá tiomantais chaipitil ag Teilifís na Gaeilge mar seo a leanas:

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Conraithe ach ní raibh soláthar déanta ina leith ag deireadh na bliana | 168 | 820 |

**27. Idirbheartaíocht RTÉ**

Fuair Teilifís na Gaeilge 340 uair de chláir Gaeilge saor in aisce ó RTÉ sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, amach as an 365 uair a bhaineann leis an oibleagáid reachtúil. Tá fós 11.5 uair le fáil a bhaineann le 2020. Déanfar chuile iarracht an t-easnamh atá fágtha a dhéanamh suas sa bhliain 2022.

**28. Neamhchosaint Airgeadra Coigríche**

Is as íocaíochtaí ar chláracha ceannaithe go príomha a eascrann neamhchosaint airgeadra. Fálaíonn Teilifís na Gaeilge a neamhchosaint airgeadra coigríche trí réamh-chonarthaí don US Dollar a aontú nuair is cuí, dar leis. Luach iomlán a bhí orthu seo in 2021 ná €0 (2020: €0). Ní raibh aon chonradh airgeadra coigríche amuigh ag deireadh na bliana (2020: €0).

**29. Comhaltaí Boird — Nochtadh Idirbhearta**

I ngnáthchúrsaí gnó, rinne Teilifís na Gaeilge socruithe conarthacha le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí den Bhord fostaithe nó a bhfuil leas eile acu iontu.

Chuir Teilifís na Gaeilge modhanna imeachta i bhfeidhm de reir na dtreoirlínte i gCód Cleachtias 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit i leith nochtadh leasanna ag Comhlaltaí den Bhord agus chloígh Teilifís na Gaeilge leis na modhanna sin i rith na bliana.

Ceadaíodh conradh le luach de €4,773,396, le bheith briste síos in dhá bhliain (2021 & 2022), in 2021 i dtaca le gnóthais a raibh baint ag comhaltaí Teilifís na Gaeilge leo nó a raibh leas acu iontu go díreach nó go hindíreach a nocht siad ag cruinnithe. I measc na gcásanna a bhí ann bhí cinn a raibh comhaltaí Teilifís na Gaeilge fostaithe acu nó ag sólathar seirbhíse dóibh. Chloígh na Comhaltaí sin agus Teilifís na Gaeilge leis na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirihte i leith cásanna leasa pearsanta. I gcásanna a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann, ní bhfuair Comhaltaí den Bhord cáipéisíocht bhoird i dtaca leis na hidirbhearta molta, agus níor ghlac na Comhaltaí sin páirt ná níor fhreastail siad ar aon phlé boird a bhain leis an ábhar.

**30. Ceadú na Ráiteas Airgeadais**

Cheadaigh an Bord stiúrtha na Ráitis Airgeadais ar an 1 Meitheamh 2022.